

CUISTLE

EAGRÁN 9

MEITHEAMH 1999

£1.50




Diarmuid de Faoite: 'Cráite i Ros na Rún'

WHO'S BEEN SLEEPING WITH GALWAY CORPU?

Béal Bocht • D-Day • Micheál Mac Liammóir • TnaG • An Taibhdhearc
Colm de Bhaldraithe san Ind • Na Toghcháin • Poitín • Cyber-Saoire



G AN GÚM



SEO LINN AR SAOIRE!

Tá nithe le haimsiú ar gach leathanach i leabhar atá ag cur thar maoil le léaráidí — agus le béir!
Coinneoidh an leabhar seo ciúin iad — más ar saoire nó ag baile dóibh.

Aoisghrúpa: 4-7

• ISBN 1-85791-316-7 • £4.50



ÉALÚ SAN OÍCHE

An bhliain: 1847
An áit: Contae Mhaigh Eo
An chinníúint: Bás nó imirce.
Úrscéal corraitheach do dhéagóirí, suite in aimsir an Drochshaoil.

Aoisghrúpa: Déagóirí

• ISBN 1-85791-243-8 • £2.70

CATALÓG

Leabhair do Dhaoine Óga



Saor in aisce!

Breis is leathchéad leathanach ann.

Saor in aisce!

Véarsaí, leabhair eolais, pictiúrlabhair, foclóirí, drámaí, póstaer, leabhair cheoil agus eile.

Saor in aisce!

Lón léitheoireachta do gach aoisghrúpa — agus lón réamhléitheoireachta do na tachtáin.

Cé a dúirt nach bhfuil a leithéid de rud ann agus lón saor in aisce!

A new catalogue of children's books for all age groups is available free of charge. Order your copy now.

G AN GÚM

Teil: (01) 809 5034 Ríomhphost: gum@educ.irlgov.ie

An Rannóg Postdóla. Teil: (01) 661 3111 Fofinte 4041/4045

Seaneagráin ... Back Issues ... Seaneagráin ... Back Issues

An scéal nua duitse **Cuisle**, iris don aois nua?
An spéis leat na seaneagráin a ordú? Tá siad ar fáil ach fíos a chur.

Just discovered **Cuisle**? If you'd like to order back issues, call us.



Deireadh Fómhair:

Scannal Gnéis sna Coláistí Samhraidh
Maggie O'Kane, Gearóid Ó Tuathaigh,
Jane Morrice



Samhain:

Who will Benefit from May's Bonanza?
Gerry Adams
Oireachtas náille Átha Cliath, Na hIncas



Nollaig

Will You Buy From Santa's Little Sweatshop?
Coláiste na Coiribe, Newt Gringrich,
Johnny Chóil Mhaidhc



Eanáir:

An Ghaeilge i nDaonáireamh na hÉireann -
71,000 cainteoirí. An Tibéid,
La France sans Vie, Fís don Mhílaois



Feabhra:

Uair na Cinniúna don Ghaeltacht
Cuisle an Ghrá, Tim Robinson, Cúlábúla



Márta:

Will 'restorative justice' replace 'punishment beatings'? Cúil Aodha, Tír gan Cheol, Tír gan Anam, Liam Ó Muirthile



Aibreán:

Why is the US still bombing Iraq?
An Bille Teanga, An Garbh Achaidh, Futa
Fata Féasóg




Bealtaine:

Wales goes to the Polls
Hammie Hamilton, TnaG, Oileán Chléire

Costas gach seaneagráin: £1.50 móide postas
(£1.50 plus postage)

091-572077
cuisle@tinet.ie



CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta,
Casla,
Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir Feidhmeach:

Diarmuid Johnson

Riarthóir:

Seán Ó Neachtain

Bainisteoir Fógraíochta:

Veronica Ní Ghríofa

Dearadh le:

Caomhán Ó Scolaí
091 572008

Clóchur:


Kilkenny People

Grianghraf clúdalg:

Balar

Scribhneoirí:

Clare Ní Shúilleabháin, Aoife de Paor, Colm de Bhaldraithe, Diarmuid Johnson, Yvonne Ní Laocha, Richie Byrne, Cathal Ó Cuaig, Liam Mac Con Iomaire, Antaine Ó Faracháin, Pádraig Ó Flaithearta, Seán Mag Uidhir, Des Johnson, Anton Mac Cába, Máirín Ní Ghadhra, Dónal Mac Giolla Chóil, Seán Ó Tuairisg, Áine Ní Chiaráin, Roibeard Ó hEartáin.



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

San eagrán seo



EADRINN

Liam Ó Maonlaí agus
An Mac Tíre; Géarchéim
Bhruscair i nDún na nGall;
Micheál Ó hAinnín – ní leor
do thost; Mná Oilte na Naíonraí;
Ceirnín le hArt Ó Dufaigh;
Féile 2000 . . .

6 - 8

COLM SAN IND

Tá Colm de Bhaldraithe ag
siúl i gKerala na hInde. Bí leis
ar a thuras aduain ildaite ar
muir 's ar tír

9 - 11

AN ACHRÉIDH: GAELTACHT A BHÍ

Taobh thoir den Choirib, tá
Gaeltacht mhór na hAchréidhe
ar an dé deiridh. Rug **Diarmuid
Johnson** ar shiolla Gaeilge ann,
and in Menlo, **Richie Byrne**
catches Galway Corporation in
bed with Lackagh Rock

12 - 15

LÍONTA LIOMBÓ

Cén chaoi a roghnóidh tú saoire
ar an idirlíon? Tá na freagraí,
agus cúpla nod, ag
Cathal Ó Cuaig

17




DRÁMAÍ AGUS DRUMAÍ

Céard a bheadh i
Micheál Mac Liammóir
dá mbeadh sé ina
fhear óg inniu: dia beag

ar *Hollywood Anocht?*

And **Diarmuid de Faoite** beats
the professional drum: 'Don't
condemn me to mediocrity'

18 - 21



AN FHUINNEOG

Poitín – use and abuse;
Remember D-Day?; Have a
drink with **Liam Mac Con
Iomaire**; Or a glass of
buttermilk with Myles na
gCopaleen; **Antain Ó Faracháin**
loses his hair over *An Raicín
Álainn*; Who's **Dara Bán?**
And who spilt the oil in Bantry?
Open An Fhuinneog and take
a look

22 - 25

SÚIL ADUAIDH

Tá an tOllamh Brice Dickson
le dul i mbun Choimisiún na
gCearta Daonna.
Tá an scéal agus a chúlra ag
Seán Mag Uidhir

26

LITIR AS MEIRICEÁ

Thug **Des Johnson** cuairt ar rae
an bháis: an bhfuil claonadh
ann an daorbhreith a thabhairt
ar an gcine gorm? Agus tuairisc
ó **Anton Mac Cába** ar thriail
Mumia Abu-Jamal.

28



DÚCHAS AGUS IASACHT AR TnaG

Bain siúl eile as

Gleann Ceo, Seoda Éireann,
agus *Cleas nó Draíocht.*
Cé leis an Tuath?

Agus cé hé an Pápa?

30



AN TOGHCHÁN FUAR . . .

Más fuar linn Toghchán
na hEorpa, fadóidh

Máirín Ní Ghadhra an tine
dúinn

32

. . . agus AN TOGHCHÁN TE

Tá na toghcháin áitúla linn. An
teas á mheas go fuarchúiseach
ag meitheal *Chuisle*: **Seán Ó
Tuairisg, Áine Ní Chiaráin,**
Dónall Mac Ghiolla Chóil,
agus **Roibeard Ó hEartáin**

34



AN CHLÚID

Parents getting to grips
with bilingualism in the
Gaeltacht.

Agus tá a chuid spéaclóirí
caillte ag **Rua**: cabhraigí leis, a
pháistí!

38

DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis freagartha a
thabhairt d'aon duine nó d'aon eagraíocht a
éilíonn a leithéid, má tá siad míshásta faoin
méid a scríobhadh fúthu i gCuisle. Téigh i
dteagmháil leis an Eagarthóir, Cuisle, Casla,
Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig
cuisle@tinet.ie faoin scéal.

CUISLE AR AN IDIRLÍON <http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>

Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangacha eile. Seol do litir chuig: An tEagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Na hOráistigh Ghlasa

Seán Ua Cearnaigh,
Inis Córthaidh,
Co. Loch Garman.

A eagarthóir, a chara,
B'fhíor spéisiúil a raibh le rá ag Anton Mac Cába san iris seo (Aibreán) faoi na Protastúnaigh óga atá ag foghlaim na Gaeilge ó thuaidh. Agus nach iontach an rud é go bhfuil duine ar nós Ian MacLom, Protastúnach, aontachtaí agus fear a thacaíonn go tréan le Rangers Ghlaschú, orthu siúd atá ag teagasc na teanga do na dílseoirí óga.

Oráistigh ghlasa a thugaim féin ar na dílseoirí seo ar mór leo teanga agus cultúr na

hÉireann. Chomh fada siar le haimsir Shéamais Mhic Dhomhnaill, Protastúnach a shaothraigh ar son na teanga i mBéal Feirste aimsir na nÉireannach Aontaithe, agus i bhfad ina dhiaidh sin, ach a bhí thar a bheith dílis do réimeas na Breataine, bhí na hOráistigh ghlasa go glórmhar.

Bhí Protastúnaigh ag saothrú ar son na Gaeilge san 18ú haois, ar ndóigh, leithéidí John Abernethy, James Bryson, Charlotte Brooke, ach níorbh ann don Ord Oráisteach nuair a bhíodar siúd i mbun oibre. B'aontachtaí an tUrramach William Neilson (1774-1821),

fear a rinne cion fathaigh ar son na Gaeilge.


D'ainneoin gur scríobh Sir Samuel Ferguson dán molta faoi Thomás Dáibhís, b'Oráisteach binbeach é. Ní gá ach na dánta biogóideacha a chum sé i dtús a ré a léamh chun é sin a chinntiú. Ach féach an grá a bhí aige ar sheanteanga na hÉireann agus smaoinigh ar na haistriúcháin iontacha a rinne sé ar dhánta agus amhráin Ghaeilge!

Sa chéad chuid den chéad seo bhí neart Oráisteach ó thuaidh a rinne sárobair ar son na Gaeilge, rud a mheabhraíonn Ruairí ó Bléine dúinn ina leabhar *Presbyterians and the Irish Language*. Daoine ar nós Sir William Porter Mac Arthur, Rose Young, Margaret Dobbs agus Aoidhmin Mac Greagóir (Hugh Walter Gaston MacMillan). Bhain Shan Bullock, An Canónach Hannay (George A. Birmingham), Richard Hayward agus Thomas Cairnduff clú amach mar scríbhneoirí cumasacha sa chéad seo. B'aontachtaíthe daingne iad ach sheas siad uile don teanga. Inniu féin tá leithéidí Malcolm Scott agus Ian Malcolm ag déanamh a sárdhíchill ar mhaithe leis an nGaeilge. An scríbhneoir Sam McCaughtry, fear a saolaíodh i gceantar Oráisteach Tiger Bay i mBéal Feirste, is iomaí duine nach réiteodh lena dhearcadh polaitiúil. Ach féach go bhfuil, agus go raibh riamh, meas agus gean ag Sam ar an teanga!

Is dream suntasach iad na hOráistigh Ghlasa ó thuaidh agus is trua nach bhfuilid níos líonmhaire ná mar atá. Ní inniu ná inné a dúradh go bhféadfadh an Ghaeilge a bheith ina droichead idir an dá thraidisiún ó thuaidh.

Is mise, srl

CUISLE



Cuisle na Márta

Paul McKee
An Lorgain
Co Ard Mhacha.

A chara,
Cheannaigh mé *Cuisle* na Márta agus caithfidh mé a rá gur fada an lá ó bhain mé an méid sin suilt as iris i nGaeilge. Ar an drochuair, níl Gaeilge scríofa rómhaith agamsa, agus tá mé ag dul mo theanga dhúchais Béarla a úsáid!

In your article, *Tír gan Cheol*, *Tír gan Anam*, I felt that the breaking down of Gaeltacht areas into ethnically or culturally distinct areas as an untruth. Music, dancing, literature or sports vary dependant on a number of factor from area to area. For example, in three parishes of South Ards in Co Down hurling is the main sport played. This is not a hang over from the days of Cú Chulainn, but the influence of a parish priest in the early 20th century.

In another article, *Chluiche Contrárteach don Teanga*, your commentator engenders a distinct feeling of indifference to the new proposed language body. In general, the Northern perspective is quite different. The average Gaeilgeoir in Northern Ireland has struggled to learn and speak the language without any state support. Having got this far, it is felt

102^{FM}
Raidió na Life


Éist le . . .

carraigcheol

le Colm Ó Riagáin gach Luan ó 9 go 10.30 i.n.

Má tá dúil agat sa rac-cheol nó sa cheol beo, beidh dúil agat i Carraigcheol. An aidhm atá ag Carraigcheol ná aird an phobail a tharraingt ar bhannaí atá ag iarraidh a gcosa a chur i dtaca i margai ceoil an lae innlu.

Go dtí seo is iad Luka Bloom, na Mary James, na Frames, na Plague Monkeys, na Marbles agus Manor na bannaí a ghlac páirt sna seisiúin bheo, agus beldh Blink, Jack L, Dr Millar, na Walls, Mark Dignam (ar an 12 Aibreán) agus The Prayer Boat (ar an 26 Aibreán) ar Carraigcheol amach anseo.



that alot more could be achieved with semi-state support. However, many of the pot-holes encountered by state-support in the South would have to be dodged.

I was excited to read your article on 'Teorainn na Gaeltachta'. Why? Because the Gaeltacht does exist! However I would disagree with Eamon Ó Cuív on one point when he says the time for studies is over.

What about your article on Ros Muc? Sometimes I found such arguments disturbing: "Tá sí ar an áit is saibhre sa tír ó thaobh na teanga . . . an bhfuil an teanga agus an bochtanas lámh ar lámh le chéile . . . ?" What a load of nonsense. This is like saying that because of the high percentage of fiddle players in Gleann Colm Cille that the unemployment level is soaring. Or that the sets danced in Clare are a barrier to investment. The days of the *Béal Bocht** should be put to the side. The real issue is to get longterm jobs into a community on the western part of a western island. What do isolated communities on the Atlantic coast of other countries do, such as Scotland, Norway, Iceland, France, Spain? Perhaps an answer lies there rather than an insular Údarás or a Brussel's-focused Rialtas.

Is mise srl

*féach lch 25

(B'éigean an litir seo a ghiorrú de cheal spáis.)

Peann agus Pár

Padraig Seoighe,
Camus,
Co na Gaillimhe.

A Eagarthóir, a chara,
Failltím roimh uaireanta

breise Raidió na Gaeltachta. Tá deireadh le roinnt cláracha, ina measc *Peann agus Pár*. Ba dheas an rud an clár seo a thabhairt ar ais, mar ba chlár fiúntach do na scríbhneoirí é.

B'fhéidir nach é an t-am seo bliana sa samhradh is fearr a fheileann na huairéanta breise ach sa ngeimhreadh. Bíonn sé geal ag 6.30am, agus fós ag am scoir 11.00pm.

Ní minic a bhíodh RnaG ag craoladh go 11.00pm. ach amháin le linn Oireachtaisí nó eile. Níl seo fíor níos mó buíochas le Dia. Go maire sé a nuaíocht agus tá súil agam go mbeidh rath agus tairbhe air sa todhchaí. Mar a dúirt Eamon De Valera fadó, "is fada linn gur réitíodh an bealach".

Is mise srl

Cara Ríomhphoist

Lisa Killick,
Sydney, An Astráil

A chairde,
Go raibh céad míle maith agat as an iris a chur agam chomh sciobthaí sin!

Gan aon agó, tá *Cuisle* ar an bhfoilsíúchán is fearr a chonaic is a léigh mé riamh . . . míle comhghairdeachas libh. Pé bith cén duine a mhaoiníonn í seo, ná héirigh as! Thógfadh sé croí Gaeilgeora ar bith atá éirithe beagán *disillusioned*.

Ba mhaith liom teagmháil a dhéanamh le Gaeilgeoirí eile ar an ríomhphost. Bíim im' shuí os comhair an ríomhaire seo . . . is tá fhios ag an saol go bhfuil Sydney *right up* ansin le Zambia do chomhráite speisiala Gaeilge. Seo é mo sheoladh - pookyinoz@hotmail.com.

Go raibh céad maith agaibh.

Is mise srl

eagarfhocal

Cothú na Naíonraí

TÁ ÉACHT DÉANTA le scór blian anuas ag na naíonraí Gaeltachta agus Gaeilge. Is córas réamhscolaíochta é a dhéanann obair ba cheart don stát a dhéanamh, agus ní bréag a rá gur go deonach a bhí na hoidí ag cur na seirbhíse ar fáil go dtí le deireanas.

Bíonn cúram rímhór ar na hoidí ag tabhairt aire do pháistí óga an pharóiste, agus is teist mhaith ar an bhfuinneamh atá iontu gur chuir siad siamsa agus bunoidéachas ar fáil gan mórán acmhainní ná trealaimh ar feadh na mblianta.

Is dea-scéal más ea go bhfuil feabhas mór ar chás na naíonraí le bliain nó dhó anuas. Ní bhíodh i bpáigh na múinteoirí ach pingineacha suaracha, ach ní cúis náire an pháigh a foctar leo níos mó. Agus rud atá chomh tábhachtach céanna, tá oiliúint á cur ar múinteoirí.

I mbliana, i gConnachta, d'fhreastail 23 stiúrthóirí naíonra ar chúrsa atá á reachtáil ag Údarás na Gaeltachta. Cúrsa dhá bhliain atá ann. (Féach grianghraf lch 8). Seo í an chéad uair a cuireadh oiliúint ar lucht na naíonraí go foirmeálta. An bhliain seo chugainn, tá gach súil an cúrsa a chur ar bun i dTír Chonaill agus i gCúige Mumhan.


Ó thaobh an pháiste de, chomh maith lena mhuintir, tá tábhacht thar na bearta leis an naíonra. Is sa naíonra a théann sé i dtaithí ar an saol mór don chéad uair, agus bíonn a thuiscint ar chultúr na háite de réir a gcloiseann sé is a bhfeiceann sé sa naíonra.

An páiste a chloiseann Béarla ar an teallach, tuigeann sé an dá luath is a leagann sé cois sa naíonra go bhfuil éagsúlacht teangacha ann. An páiste a labhraíonn Gaeilge lena mhuintir, tuigeann sé nach ar an teallach amháin a labhraítear í, ach go bhfuil gá léi sa saol mór.

Tá na milliúin punt á n-infheistiú sa nGaeltacht, sa turasóireacht, sna báid farantóireachta, i bpáipéirí nuachta, i gcomhlachtaí foilsitheoireachta agus i dtionscal na teilifíse, ar mhaithe le fostaíocht agus forás. Ach tá tábhacht ar leith leis na naíonraí, agus infheistiúocht dlite dóibh dá réir.

Níl punt a infheistítear sna naíonraí nach mbíonn toradh céatach air. Ach go minic, ní hionann agus áras breá nó eastát tionsclaíochta, ní bhíonn feiceáil ar an toradh. Fós féin, níl infheistiúocht is fearr a dtiocfadh toradh air ná roinnt mílte punt sa mbliain a chur leis an náiscolaíocht: is sa duine agus sna hacmhainní daonna is gá an infheistiúocht a dhéanamh.

Scór bliain tar éis bhunú Údarás na Gaeltachta, tá fostaíocht ard sa nGaeltacht. Ach ní leor béim ar an bhfostaíocht muna bhfuil béim ar dhúchas na bpáistí. Bífhéidir gur síleadh tráth nár ghá pleanáil teangan a dhéanamh sa nGaeltacht. Is beag nach raibh toradh tubaisteach ar an dearcadh sin. Is dea-thuar mar sin go bhfuil na naíonraí á gcothú. Is mall agus is mithid.



*'Dá mbeadh fhios agam go raibh do
leithéid ann
Ní chodlóinn néal go mbeinn le do
thaobh.'*

Céim ar Chéim

D'fhoilsigh Cló Iar-Chonnachta *No Disguise/Céim ar Chéim* le hArt Ó Dufaigh le deireanas.

Cnuasach lirici idir Bhéarla agus Ghaeilge, go leor acu le hArt, ceann le Robbie Burns, agus le Michael Davitt (treac 3): 'Bean agam in Éirinn, tusa le mo thaobh'. *Smooth*, a mhac, *smooth*.

Eilefís na Gaeilge

Bhí an *T á* thóraitocht i mBaile na hAbhann i rith na míosa. Daoine a dúirt gur ag mada na gcomharsan a bhí sé. Daoine eile a dúirt nach ceart *T a* bheith ann ar an gcéad dul síos. Beagán a shíl gur fearr an *T a* bheith ar iarraidh ná an *G* (ó tharla *G* i sloinne an cheannasaí).

Faitíos ar go leor go
n-imeoidh an stáisiún litir i
ndiaidh a chéile ar fad. Rud a
bheadh breá *exotic*: 'Ile Fís, Le
Fís, E-fís. Dar ndóigh, ní
bheadh ann i ndeireadh báire
ach . . . Fís.

Beag an locht.

An é dearcadh na Comhairle go gcuireann an t-ainm *Eileifis* leis an eileachas?

Cara Pinn do Chonchubhar

Tá cara pinn á lorg ag
Conchubhar Ó Fearnáin,
Scrín, Teamhair, Co na Mí.
Cailín Gaeltachta idir 16 agus
18 ab fhearr.

Tá suim ag Conchubhar sa spórt agus i ngach saghas ceoil Ghaelaigh.



THE UNIVERSITY OF CHICAGO

Peadar agus an Mac Tíre

[illegible]

Waldemar Christian Meyer, "Social Problems in the Middle East," *The Soviet Union Today*, 1963, 10, 1, pp. 1-10. In English. An analysis of the social problems of the Middle East, particularly in Turkey, Iraq, and Iran. The author discusses the economic, political, and social conditions of these countries and the impact of the oil industry. He concludes that the main problem is the lack of social justice and the need for reform.

[illegible][illegible]

FÉILE 2000 – Ní Raibh a Leithéid Riamh Ann

Tá Breandán Ó hEaghra agus Mike Diskin ar a míle dícheall sa *Town Hall* i nGaillimh ag réiteach *Féile 2000*.

Féile ealaíne trí Ghaeilge a bhéas i *Féile 2000*. Chomh maith le *Banríon Aláinn Lionáin*, leagan Gaeilge de dhráma Mhartín McDonagh le Micheál Ó Conghaile, beidh *première* Amharclann na Mainistreach de *Chúirt an Mheánaíoch*e ar siúl i rith na féile.

Seans gur i dTaibhdhearc na Gaillimhe a bheas sé. Bhí ríméad ar Aoife Ní Scolaí, stiúrthóir na Taibhdheirce: 'Beidh an teach lán,' ar sí. Tá i gceist ag *Féile 2000* scéal a chur chuig 10,000 daoine ar fud na hÉireann, agus thar lear, le súil go mbeidh tír agus talamh cois Coiribe i gcomhair na seachtaine móire.

I measc na n-imeachtaí eile a bheas ag *Féile 2000* le háthas agus aoibhneas a chur ar an saol Fódalach, beidh dráma le compántas *Bara Caws* ón mBreatain Bheag.

De bharr Tionól na Breataine Bige a bheith ann feasta, meastar go mbunófar amharclann náisiúnta thall, agus is iad *Bara Caws* atá á lua leis an ngradam.

Galar na nGradam

Is gearr a bheas Caeilgeoir ar
bith sa tír, scríbhneoir,
amhránaí, nó craoltóir, nach
mbeidh gradam bronnata air
nó uirthi.

Ar an ráig is deireanaí i
mbronnadh seo na ngradam,
bhí bronnadh na ngradam
iriseoireachta ag an
Oireachtas i mBaile Átha
Cliath faoi Bhealtaine.

Comhghairdeachas ó chroí
le Micheál Ó Muircheartaigh,
Seán Ó Tuairisg, Liam Ó
Muirthile agus le foireann
Adhmhaidin. Agus i gceann-
áras Bhord na Gaeilge,
bhronn Máire an Tí Mhóir
gradam ar 'scríbhneoirí
cruthaitheacha Ulaídh (sic)' a
bhfuil saothar foilsithe acu.

Go maire cách na gradaim
agus bronnadh na ngradam
faoi seach.



Daírlíne Ní Dhonnchadha, Ros na Rún; An tAire Stáit Éamon Ó Cuív; Audrey Ní Fhearghail, Ros na Rún agus Geraldíne Simmie, Seirbhís Tacaíochta Curaclaim na hIdirbhliana agus an áis foghlama á fógaírt acu.

Ros na Rún ar Scoil

Tá *Ais Foghlama don Idirbhliain* curtha le chéile ag Ros na Rún, Údarás na Gaeltachta, an Transition Year Curriculum Support Service, agus Bord na Gaeilge, i gcomhar le chéile. Ar Ros na Rún atá an pacáiste bunaithe.

"The project is not just a means of helping young people to improve their Irish but also gives valuable insights into

all aspects of television production and, indeed, into life in general as, through the characters on screen, different aspects of relationships and lifestyle are explored," arsa an tAire Stáit Éamon Ó Cuív agus é ag lánseáil na háise.

Tá míle cóip den phacáiste á ndáileadh ar iarbhunscoileanna ar fud na tíre.

Donegal Timber Products

Clare Ní Shúilleabháin

MÍ AIBREÁIN SEO CAITE bhí earraí Donegal Timber Products ar taispeánt ar an *Late Late Show*. Ansin go tobann, sé seachtainí tar éis a athoscailte, dhruid an comhlacht. Earraí don gháirdín a bhíodh á ndéanamh acu, agus is i mí Mheithimh 1997 a thoisigh an obair i nGort a' Choirce. Tar éis dóibh dúnadh mí Dheireadh Fómhair '98, fuair siad deontas £79,000 ó Údarás na Gaeltachta. An mhí dar gcionn bhí stiúrthóir Donegal Timber Products, An tUas Taylor, sa gcúirt leis an Údarás, gan a dhath á

dhéanamh sa mhonarchain, agus páigh £15,000 dlite do 24 oibrithe.

Chuir Taylor locht ar an Údarás. Bhí moill ar a gcuid fócaíochtaí dar leis. Séanann an tÚdarás sin. Le linn dóibh a bheith i mbun cainte leis an gcomhlacht, bhí dóchas acu go gcuirfí tús leis an táirgeadh. Ach níor tharla sin. Anois tá an tÚdarás ag súil le haisíoc £240,000 ón gcomhlacht.

Deir Seán McCullagh, Gort a' Choirce, fear a thoisigh leis an chomhlacht mí Feabhra 1998 go bhfuil dóchas aige go mbeifear ag obair ann arís agus bainistíocht úr san áit. Níl sé ag súil leis an bpáigh atá ag dul dó. "Ní thig leis an Údarás na hoibrithe ar fad a íoc. Ní tógtha ar an Údarás é. Imríodh orthusan chomh

maith."

Dar le Seán McCullagh gur "cleasaí cliste" a bhí i Taylor ar éirigh leis an ceann is fearr a fháil ar an gcóras. Deir Duncan McGregor, iarbhainisteoir an chomhlachta, gur beag agus gur dona an chumarsáid a bhí ag Taylor leis na hoibritheoirí, go ndeachaigh sé "i muinín na screadaile seachas na cainte". Facthas i nGort a' Choirce é "seacht n-uaire ar a mhéid thar dhá bhliain".

Cuireann Duncan McGregor cuid den locht ar an Údarás. Deir sé go raibh sé de cheart acu a aithint nach raibh Taylor dlís don cheantar. Admhaíonn an tÚdarás go raibh siad ag rith ar an tanaí. "Tá ceacht foghlamtha againn," ar siad.

Seomra Gaelach Chorcaí

SCÉALA Ó OLLSCOIL

Chorcaí go bhfuil ag éirí go millteanach maith leis an seomra Gaelach sa gcoláiste. Osclaíodh seomra nua sa gcoláiste i mbliana. Tá sé lonnaithe i gcroílár an *champus* agus súil dá réir go rachaidh saol dhátteangach an *champus* i dtreis.

Scéal tromchúiseach againn go ndeachaigh 15 de bhaill na Cuallachta ar strac i gCo na Mí le déanaí. Is le linn Chaidreamh Ghael-Linn a tharla an eachtra seachráin. Ní fios cén cineál caidrimh a bhí ar bun.

Ní seachrán atá ar Rós Máire Ní Dhubhda, reachtaire nuathofa na Cuallachta, ná ar Chliodhna Ní Mhurchadha, reachtaire nua an chumainn drámaíochta. Tá bliain bhríomhar á geallúint agus an bheirt i mbun gníomh cois Laoi.

Géarchéim Bhruscair i nDún na nGall

Clare Ní Shúilleabháin

50,000 tonna bruscair i nDún na nGall in aghaidh na bliana: cá gcuirfidh an Chomhairle Contae é? Agus cé aige a mbeidh an focal scoir faoin gceist: an EPA, bunadh na háite, na bailitheoirí bruscair, nó baill na Comhairle? Sin ceisteanna a pléadh ag cruinniú speisialta den Chomhairle i ndeireadh an Aibreáin.

Tá an fhadhb ag dul in olcas ó 1993 i leith. Ritheadh rún an bhliain sin go ndruidfí ionaid dumpála na Mucaise gar don Fhal Carrach chomh maith le hionaid eile sa chontae. Nuair a cuireadh beart le briathar áfach, ní raibh de rogha ag na bailitheoirí bruscair sa taobh sin den chontae ach ionad Chill Mhic Réanáin breis 's tríocha míle ar shiúl uathu. Sin bódh 's gur gheall an Chomhairle anuraidh nach gcuirfí breis bruscair i gCill Mhic Réanáin sula ndruidfear é i 2003.

Chuaigh bunadh na háite ar

This month, *Cuisle* brings you the first of three splashes from Colm de Bhaldraithe's diary of an Indian summer

Cártaí Poist ón Ind

Tá Colm de Bhaldraithe ag fánaíocht i gcúige Kherala in oirdheisceart na hInde faoi láthair. Seo cúpla cárta poist uaidh.

Fáidh Kherala

BHÍ SÉ ag tarraingt ar 8.30 p.m. sa tráthnóna. Léim Murthy as a suíochán agus chuir sé ar siúl an teilifís. *Prime time TV* agus bhí fear óg dathúil ag caint. Níor thuig mé ach gur ag plé le faisnéis a bhí sé.

Bhí an ceart agam, fáidh a bhí ann agus bhí sé ag cur síos ar a mbeidh ag tarlú an mhí seo chugainn.

"Cén chaoi a bhfuil a fhios aige," a deirim. "Bhuel," a deir an t-uasal Murthy, "tá an roth ama i gceithre cheathrú - 48,000 bliain, ansin 196,000, 88,000, agus 48,000 bliain. Nuair a bhíonn deireadh leis an gcéad rud, tarlaíonn chuile rud beo faoi dhó."

Rí-rá na traenach

RINNE MÉ mo mhachnamh ar an



dearcadh atá ag muintir na tíre seo ar an am nuair a bhí cúig uair breise déanta agam ar thuras traenach ceithre huaire déag.

Ar an traein bhí an gnáth-ruaille buaille agus rí-rá. *Tae-wallah* agus caifé-*wallah* ag béicíl, daoine ag déanamh iarrachta chuile rud beo a dhíol leat, cailíní agus *eunuchs* ag casadh poirt ar airgead.

Bhí an traein lomlán le fir gléasta ar nós manaigh. Sciortaí dubha agus seálanna dubha le smeadar péint dearg, bán agus órga ar a n-éadain. Bhí craiceann chomh dubh leis an oíche orthu agus bhí siad ag béicíl freisin. Bhí cuma an-fhíochmhar orthu ach thosnaigh muid ag caint.

D'inis siad dom go raibh siad ar thuras go naomh Ayappa agus gur paidreoir-eacht an bhéicíl a bhí ar siúl acu. Bhí


carghas dhá scór lá ar siúl acu mar chuid den turas agus bhí siad tar éis cúig lá a chaitheamh ag taisteal cheana féin. Bheadh 600,000 duine ag an teampall.

Nuair a chuaigh an ghrian faoi, d'oscail siad a mbéile, *chappatis* le smeadar *chilli* agus uisce, agus roinn siad liom é.

Féasta na scannán

TRÍ THIMPISTE a tháinig mé ar fhéile scannánaíochta. Bhí slua bailithe os comhar amharclainne agus d'inis siad dom go raibh Féile Scannánaíochta Malayalam (teanga Kherala) ar siúl. Isteach liom agus chonaic mé scannán spéisiúil ag cur síos ar éirí amach na *naxalites*, an pobal cumannach atá fíorláidir sa tír seo.

► 10



Tar éis an scannáin tháinig an coiste chugam agus thug siad cuireadh dom fanacht le haghaidh na féile uilig. Chonaic mé scéal eile faoi éad agus iomaíocht idir beirt fhear, agus ceann eile faoi leagan na fichiú haoise de sheanscéal.

Cé gur mionteanga í an Malayalam, tá clú agus cáil ag a cuid scannán ar fud na hInde. Pléitear a stair agus a dúchas féin inti.

Chonaic mé scannán eile arb ainm dó *Fire*. I dtuaisceart na hInde tá na 'fir bhuí' Hiondú ag dó na bpictúrlann agus ag cur brú ar an rialtas cosc a chur ar an scannán seo. Is scéal é faoi bheirt bhan atá sa teaghlach céanna de bharr cleamhnais.

De réir a chéile tagann siad ar an eolas go bhfuil siad i ngrá lena chéile. "Maslaíonn sé an chlann Indiach agus fíorchreideamh na hInde," a deir na fir bhuí.

Spailpíní Sari

MEASCÁN DE phobal Muslamach, Hiondú agus Críostaí é pobal Kherala. Níl tromlach ag ceachtar acu agus níl an lámh in uachtar ag ceachtar acu ach an oiread. Tá an pobal *Dravid* ann freisin, dream a bhí anseo sul má tháinig na hIndeopaigh ar an bhfód.

Bhí spéis agam san aisfhreagra a bhí acu ar an scannán seo. Ní raibh giog ná miog astu agus bhí slua mór eile ag fanacht taobh amuigh leis an scannán a fheiceáil.

Cuireann sé iontas orm nuair a fheicim na tógálaithe ag obair go dian agus iad gléasta sna *sari*. Bíonn siad ag iompar málaí *cement* nó ciseán lán le brící ar a gcloigne agus ní thiteann siad nó ní

stróiceann siad a gcuid *sari*.


Bíonn na fir feistithe i *lunghe*, cineál sciorta fada. Tá an-tóir ar cinn daite agus go háirithe chinn a bhfuil dath *dayglo* corcra nó bándearg orthu, agus iad maisithe le bláthanna buí agus glas. Bíonn siad ag fústráil lena bhfeisteas an t-am uilig. Ag oscailt na snaidhme agus á scaoileadh anuas agus cúpla nóiméad níos déanaí á ardú aníos.


Bealach eile atá acu ná an sciorta a bhailiú i snaidhm mhór ina ngabhaí ar nós *nappy* mór. Bíonn siad an-cheanúil ar a chéile freisin, is minic a bhíonn siad ag siúl lámh le lámh agus cúinne dá sciortáil in airde acu idir ordóg agus lúidín.

Pobal Ché

AIRÍM AR nós go bhfuil mé i gCúba na hInde. Aimsir thropaiceach, comhar-chumann agus ceardchumann agus bratanna dearg leis an gcorrán agus an casúr ag séideadh sa ngaoth.

Lá amháin, is mé ag fanacht le haghaidh bus, rinne mé iarracht fógra mór a léamh. Níor éirigh liom agus chuir





mé ceist ar mo chara. "Tá ceardchumann na spailpíní ag cur dráma ar siúl faoi shaol Ché Guevara," a deir sé.

Ba as an Afraic a tháinig muintir dhúchasach Kherala agus tá siad chomh gorm leis na hAfrachúbánaigh, seachas mionlach beag a bhfuil mianach geal na nIndeorpach iontu.

Tá rialtas cumannach tofa acu ó 1959. Chuir an chéad rialtas deireadh leis na tiarnaí talún, roinn siad an talamh, chuir siad córas oideachais agus leighis ar fáil agus anois tá an caighdeán maireachtála is airde san Ind ag go leor de mhuintir Kherala, ó thaobh sláinte agus oideachais de.

Faoi láthair tá an rialtas ag díriú isteach ar na hiascairí bochta. Bhíodh ar na hiascairí iasachtaí a fháil ó na fir ghaimbín lena mbáid agus lena gcuid eangacha a cheannacht. De bharr an úis aird a gearradh orthu ní fhaca siad torthaí ná luach a gcuid oibre agus lean an bochtanas ó ghlúin go glúin.

Tá an rialtas ag ceannacht na mbád ó na fir gaimbín agus iad a dhíol ar ús íseal leis na hiascairí agus iad a scaoileadh ó smacht na bhfear gaimbín.

Oireachtas na ndathanna

CHUAIGH MÉ go hOireachtas Kherala. Seachtain iomlán de cheol, damhsa agus amhrán, gan Hindi ná Béarla agus gan fiú deoch portair ar fáil ann.

Bhí an fhéile ar dhá bhruach abhann leathan agus bhí báid ann le daoine a iompar ó bhruach go bruach.

Meascán breá, damhsa na ndreoilíní agus iad gléasta i gcultacha a bhí déanta as duilleoga. Bandia ag damhsa le diabhail agus ise gléasta i síoda gorm geal na spéire, dearg na fola nó buí breá an bhuicáin; an diabhal le sciorta dearg agus éadan fíochmhar glas agus dubh air – bhí bán a shúile daite le luibheanna, fiú.

Freisin bhí pictiúirí lonracha, ildaite ar urlár an teampaill. Bhí siad déanta as plúr daite, le dathanna ó spiosraí agus ó luibheanna.

Ag deireadh na féile bhí coirmcheol ann le seasca drumadóir agus seasca fear ag seinnt adharcanna móra órga. Oíche ghealaí a bhí ann, gach réalt sa spéir le feiceáil, agus bhí bád ag scaoileadh na

gcéadta coinnle le sruth na habhann.

Lean an ceol agus an draíocht go breacadh an lae. Ní raibh comórtas ar bith ann: dúradh liom go gcuirfeadh comórtas brú ar na ceoltóirí, lagmhisneach ar an dream a chaillfeadh agus easaontas ar an lucht éisteachta.

Turas mall séimh

TÁ SÉ ag stealladh báistí, toirneach agus tintreach sa spéir. Tá fuilleach fear-thainne, teas brothallach agus cré shaibhir anseo agus de bharr sin tá an fás flúirseach agus flaithiúil.

Dhá fhómhar rís, siúcra, mangó, téac, caifé, rubair, cnónna cócó, na céadta glas-raí agus torthaí, agus na spiosraí a mheall na Gréagaigh agus na Sínigh anseo.

Dhá mhíle bliain ó shin, chuir Herodotus siar ar shaibhreas agus ar mhaorgacht na mbailte móra anseo. Is tír idir dhá uisce í cuid mhór de Kerala. Fadó ba riasc mór millteannach a bhí ann. De réir a chéile thóg na daoine díoganna agus chuir siad smacht ar na haibhneacha, srutháin agus locha. Anois tá páirceanna móra ríse acu agus 200,000 daoine ina gcónaí ar na díoganna beaga cúnga.

Bhí muid ar ár mbealach go dtí rásaí báid. Turas mall séimh seacht n-uaire an chloig ar bhád sa domhan draíochta seo. Sheol íomhá i ndiaidh íomhá tharam.

Tincéir ag iomramh ó theach go teach, a bhád lán le potaí. Fear le mias faoina ascaill aige ag snámh thart ar thóir dúilicíní. Aoire i gcrann snámha ag díbirt scuaine cúpla céad lacha.

Bád cúng faoi lánseol ag iompar ábhar tógála, buachaillí ag níochnaí cilcafant, mná gléasta i saris corcra, ór agus bándearg, iad ag baint salachair as páirc rís fíorghlas.

Fear ag rothafocht ar chosán crochta agus scáth gréine dubh in airde aige. Mná ag sníomh faoi scáth na gcrann cnónna cócó.

Foilseofar cártaí poist eile ó Cholm de Bhaidraithe go luath.



"Tá muid scoite amach ón nGaeltacht anois." – Pádraig Ó Fathaigh, Mionlach

pic: Mike Shaughnessy

An Ghaeltacht a Ligeadh i nDearmad

Menlo, Castlegar, Claregalway: Irish has all but disappeared from the 'level field' of the Achréidh. **Diarmuid Johnson** visits the forgotten Gaeltacht on the east bank of the Corrib. ➤

AN ACHRÉIDH a tugtar ar an gceantar taobh thoir d'abhainn na Coiribe agus de chathair na Gaillimhe. 'Talamh chothrom' is ciall le 'hachadh réidh': páirceanna fairsinge, méithe ag síneadh le spéir. Áit mhaith le scileanna na hiomána a chleachtadh.

Gaeltacht mhór a bhí san Achréidh go dtí na caogaidí. Ó thuaidh timpeall Loch Coiribe i dtreo Átha Cinn agus Thuama, soir i dtreo Bhaile Átha an Rí: b'í an Ghaeilge teanga na dúiche sin go dtí ár linn féin.

Déan turas an cheantair inniu agus ní móide go gcleisfidh tú ach Béarla. Soilse na Gaillimhe ar lasadh soir go hUarán Mór, lucht gnó ag brostú leo chuig aerfort an Chairn Mhoir, agus tithe gan áireamh ar chnocáin Thír Oileáin.

Siúil na Gaeltachtaí eile, agus beidh coiste pobail, naíonra Gaelach, club óige, cumann drámaíochta, cúinne seanchais sa teach ósta nó fócas éigin ann. Ní hamhlaidh don Achréidh. Is teanga rúin i mbeagán tithe atá sa nGaeilge ann anois.

Is cosúla le bailiú béal-oidéasa ná le hiriseoireacht an teanga rúin sin a lorg. Tugann an béaloidéas léargas dúinn ar an saol mar a bhí. Ach cé mar atá? Sin í an cheist a bhíonn ar an iriseoir. Freagra: tá ina Bhéarla.

B'fhéidir gur de bharr Gaeltacht mhór Chonamara a bheith trasna habhann a ligtear meath na hAchréidhe i ndearmad. Gaeltacht na Gaillimhe: sin nath sách coitianta. Agus más rud ar bith é, meastar Gaeltacht na



Amharc ar an Achréidh lá na rásaí i nGaillimh

Gaillimhe a bheith láidir.

Ach is dhá áit faoi leith iad Conamara agus an Achréidh, agus is mór eatarthu. Conamara lom, sceirdiúil, carrach. An Achréidh mín, éadálach.

Phós cuid de mhná Chonamara ar an Achréidh sa tseanaimsir, agus tá léargas ar an difríocht idir an dá áit sa scéal *An Bhearna Mhíl* sa gcnuasach *An Braon Broghach* le Máirtín Ó Cadhain, fear a chaith seal sna tríochaidí ina mhúinteoir ar an gCarn Mór: "Thosaigh an coimhthíos ag spochadh léi arís. Coimhthíos leis an bpósadh, leis an malairt, leis an Achréidh

stráinséarach . . ."

Leathchois sa chathair

I LÁR na haoise seo, bhí leathchois ag Gaeltacht na Achréidhe i mbaile mór na Gaillimhe. Dhéanadh muintir na mbailte cois abhann a gcuid earraí a dhífluchtrú i bhfoisceacht dhá nóiméad siúil de mhargadh Bharr an Chalaigh - nó Woodquay mar is fearr aithne anois air.

Níl míle bóthair ó Bharr an Chalaigh go Tír Oileáin ó thuaidh. Lean ort go Baile an Dúlaí, nó cas síos le habhainn go Cúl-loch agus Mionlach,

áit ar scríobh Tomás Laighléis a chuid seanchais. Déan do thriail go hEanach Chuain ar Bhóthar na Curáí, nó cas i dtír i dtreo Bhaile an Chláir. Barr an Chalaigh soir an Bóthar Mór go Móinín na gCiseach, an Baile Bán, an Caisleán Gearr, Carn Mór. An Ghaeltacht a ligeadh i ndearmad.

I dtús na naoú haoise déag, bhí an Ghaeilge forleathan i nGaillimh.

"All ranks, from the highest to the lowest, with very few individual exceptions, speak their vernacular language, the Irish, fluently," arsa Hardiman, *The History of the Town and County of Galway*, 1820.

San iris *Comhar* i 1956, ag trácht dó ar an tréimhse tar éis bhás Pharnell (1891), deir Seán Mac Giollarnáth:

"Ba chuma leo [le muintir na Gaillimhe] cé acu teanga a labhróidís, Béarla nó Gaeilge, agus bhí an Ghaeilge ar fheabhas an domhain ag go leor acu."

Tionóladh Oireachtas na Gaeilge i nGaillimh i 1913.

Mionlach agus Tromlach

TA DHA oiread Gaeilgeoirí i Mionlach 's atá i nDún Chaoin. 183 *versus* 90. Ach níl sa 183 Gaeilgeoirí i Mionlach ach 7.5% de dhaonra an bhaile. Agus an 90 Gaeilgeoirí atá i nDún Chaoin, sin 81.8% de dhaonra na háite sin.

Tá 188 duine fásta a labhraíonn Gaeilge gach lá i gCoill Sáile/Doire Iorrais, sin 81% de dhaonra na háite. I mBéal Átha an Ghaor-thaigh,

tá 188 Gaeilgeoirí ann. 37.8% den daonra.

Céard is tábhachtaí na figiúirí nó na céadchodáin? An bhfuil an 183 i Mionlach le daoradh, an 188 i mBéal Átha an Ghaor-thaigh le slánú, an 188 i gCoill Sáile le moladh as a ndílseacht don dúchas? Nach cuid den Ghaeltacht iad Gaeilgeoirí Mhionlaigh, is gach Mionlach eile sa tír?

Sna blianta sin, bhí caidreamh idir lucht na hathbheochana agus na Gaeilgeoirí dúchais a bhí i Mionlach, mar shampla.

Mionlach


BAILE BEAG gan siopa gan tábhairne atá i Mionlach, é suite ar bhrúach na Coiribe, tuairim is trí mhíle ó lár na Gaillimhe.

Ach oiread le bailte go leor in Éirinn, is láimh le teach na n-uaisle atá Mionlach, láimh le caisleán na mBlácaigh sa gcás seo.

Meastar gurb é an Gaillimheach Patrick Coleman a thóg an caisleán sa mbliain 1569. Ba leis na Blácaigh é ó tuairim is 1600.

Tháinig an Píarsach ann lena linn. Seo tuairisc le Desmond Ryan, *Remembering Sion: A Chronicle of Storm and Quiet*:

"Before nightfall, we . . . rowed up the Corrib and landed near the stone-built misty village of Menlowe, unmortared wall, Irish-speaking old men playing cards seated on stony heaps . . . That day



Amharc ar an gColrib agus ar Chaisleán Mhionlaigh ó thaobh na Gaillimhe

pic: Mike Shaughnessy

Pearse's love for Connemara ousted his pensive mood and he became eager and talkative again. His eyes lighted up as he pointed towards Menlowe. 'Here Connemara begins'."

Is maith ba chuimhin le Tomás Laighléis na cuairteoirí.

"Níl aon Domhnach nach mbíodh 'Muintir Bhaile Átha Cliath' ann. Is é an fáth mar is i nGaeilge a bhí siad ag caint ar fad. B'iontach an ghlóire d'fhir an bhaile nach raibh meabhair ná tuiscint ar Bhéarla acu, daoine uaisle as Baile Átha Cliath suí ina n-aise ag comhrá leo i

nGaeilge."

Muintir Uí Fhathaigh

TEALLACH MÓR Gaeilge a bhí riamh i muintir Uí Fhathaigh, Mionlach. Tráthnóna Domhnaigh chuaigh mé chomh fada leo, an braon i mbéal na gaoithe, suathadh in uisce liath na Coiribe.

Shíúil mé an baile le Seán, é ag cur síos ar an áit go

OLLMHARGADH HUGHES

An chéad ollmhargadh in Éirinn
a bhfuil siopadóireacht ar-líne ann

Ceannaigh do chuid gan dul thar an tálrseach
agus tabharfaidh mulde chulg an teach duit í

OLLMHARGADH HUGHES

Amanna Oscailte

Luan-Céadaoin: 9rn - 7in

Déardaoin: 9rn - 8in

Dé hAoine: 9rn - 8.30in

Dé Sathairn: 9rn - 6.30in

Dé Domhnaigh:

Am Aifrin 9rn & 11rn

TEIL: 091-798101
FACS: 091-798721

Buail isteach chuig Hughes
ar an Idirlíon
www.hughesonline.com

Déan ordú roimh 3in le
seachadadh ar an lá
céanna.

Amanna Seachadtha
Luan - Aoine: 5.30in - 8in
Sathairn: 5in - 7in

Siopadóireacht Idirlín

Is é tigh Hughes i mBaile Chlár na Gaillimhe an chéad slopa in Éirinn ar féidir bia a cheannacht ann trí an idirlíon

Yvonne Ní Laocha

TUIGEANN TÚ AN CÁS: drochlá san oifig agus ocras an domhain ort. Níl uait ach lúf slar ar an tolg 's gan corraí. Ach níl tada ann don dinnéar . . .

Nár bhreá dá mbel féa in ann do chuid siopadóireachta a dhéanamh san oifig, gan bogadh ó do dheasc tiú, agus - níos fearr fós - do chuid siopadóireachta a bheith sa mbaile romhat tráthnóna.

Bhuel, ní bríonglóid é seo a thuilleadh san iarthar. Tá an chéad tseirbhís ollmhargaidh ar an idirlíon sa tír seo á cur ar fáil tigh Hughes i mBaile Chlár na Gaillimhe.

Is éard atá i gceist le siopadóireacht ar an idirlíon go mbeidh tú ábalta dul isteach ar an idirlíon ar do ríomhaire, suíomh Hughes a aimsiú, agus liosta earraí a thabhairt aníos ar an scáileán.

Ní gá ansin ach cíceáil ar an earra atá uait agus déantar nóta den ordú ar thralaí beag i gcúinne an scáileáin. Nuair a bhíonn tú críochnaithe, tugann tú sonraí do chárta creidmheasa chun an foclócht a dhéanamh. Tá córas slándála curtha i bhfeidhm ionas go mbeidh na sonraí sábháilte.

In Éirinn faoi láthair tá fáil ar an idirlíon ag níos mó ná 150,000 duine. Dar leis na sainseolaithe go méadóidh an uimhir seo go dtí milliún faoin mbliain 2005.

Díol spéise é gur ollmhargadh beag tuaithe atá ag cur tús leis an nós seo in Éirinn agus ní ceann de na cinn is mó sa tír. B'fhéidir gurbh í an tsíopadóireacht idirlín todhchaí na n-ollmhargad beaga?

mion. "Sa teach seo a leagadh amach na corpáin an uair a báthadh muintir Eanách Chuain," ar sé. "Rinne Raiftearaí an t-amhrán ansin..."

Bhreathnaigh muid ar chaisleán Mhionlaigh. "Bhí leac chorrach ag ceann an staighre ann," arsa Seán, "agus dá seasfá air, thitfeá agus bhí deireadh leat."

Bánaíodh an caisleán aimsir Chogadh na Saoirse, ach bhí seilbh phríobháideach ag clanna Gall ar thalamh Mhionlaigh ina dhiaidh sin, agus cíós le n-íoc leo.

Bhí an-chaint ag Seán Ó Fathaigh, agus seanfhocla: 'feiceann an dall a bhéal féin', 'ritheann braon le bolg lán', 'an té a chuireas an tsnaidhm, cuirfidh sé an dá ghreim'. Gaeilge is gan rian na hoifige uirthi.

Labhair Seán ar an ngobán saor. Ar bhalla na mainistreach in aice le habhainn an Chláir, de réir an tseanchais, tá cloch agus pictiúr air: cat is dhá dhrioball. Deirtear gur thóg an gobán saor an áit. Ba mhór an gaisce an áit a thógáil agus deirtear ó shin go ndéanann duine cat is dhá dhrioball má dhéanann sé gaisce mór.

An Domhnach seo bhí feairs ó Sheán, agus is i dTír Oileáin a bhí an siopa ba ghaire do Mhionlach. Turas dhá mhíle é, ach turas dhá scór bliain. Caisleán na mBlácach, an Spar agus Xtravision.

Tá Seán ar shlí na firinne le blianta beaga, agus a bhean.

Is Gaeilgeoirí iad a gclann. Thug mé cuairt na reilge le Pádraig le déanaí. "Ní mórán Gaeilgeoirí maithe atá fanta againn. Tá go leor acu anseo sa gcill. Tá muide scoite amach ón nGaeltacht anois. Labhraim féin agus mo dheartháir Maidhc í ceart go leor."

Chuaigh cuid de mhuintir Mhionlaigh ar imirce go dtí an NuaShéalainn i lár na haoise. Cuid dá sliocht a saolaíodh thall, is i Mionlach atá siad curtha. Tá crann *manuka* ag fás in aice na huaighe, crann atá fairsing sa NuaShéalainn is a tugadh abhaile.

Ach oiread leis an *manuka*,

tá lucht an rachmais préamhaithe i Mionlach faoi seo, agus tithe móra nua tógtha acu. Tá suaimhneas san áit, gan ach bóthar amháin ag dul isteach ann. Tá an loch ann agus an choill, agus feiceáil lá gréine ar bharr na hardeaglaise i lár na Gaillimhe beagán achair ó bhaile. Taobh leis na tithe airgíula, tá leathdhosaen tithe ceann tuí fós ar an mbaile. An sean agus an nua.

"Go gcastar ar a chéile arís sinn," arsa Pádraig agus mé ar tí imeacht. "Feicfidh mé thú i gConamara aimsir an Phléaráca, le cúnamh Dé."

Cuimhní Cinn

IS AS BAILE AN CHLÁIR do Mick Leonard, iarmhúinteoir. "Dfhéadfainn seachtar nó ochtar seandaoine as Baile an Chláir a ainmniú duit. Tá scoth na Gaeilge acu, ach is beag duine atá ina dtimpeall le í a labhairt leo. Is uafásach uaigneach an rud é sin."

Is as an gCarn Mór do Mhicheál Ó hEidhin, feirmeoir. Is é an duine is sine de sheisear clainne é. Tá Gaeilge ag Micheál a bhainfeadh an ceol den chuach, ach is Béarla a labhraíonn sé lena dheartháir. "Bhí an Ghaeilge ag dul as nuair a bhí seisean ag éirí aníos," arsa Micheál.

Tá baint ag Pádraig Ó Catháin, Bearna, leis an Achréidh. "Ba as Baile an Dúlaigh muintir mo mháthar," ar sé. Chuaigh an Catháinach ar scoil ar an gCarn Mór. "Bhí Gaeilge ag páistí na scoile i dtús na gceathrachaidí. Nó muna raibh sí sa mbaile acu, bhí sé an-éasca acu í a thógáil ar scoil."

Ach bhí athrú á thuar i dtús na gceathrachaidí féin. "Bhí beagán náire ar chuid acu faoin nGaeilge san am sin," arsa Pádraig.

Páistí a bhí ar scoil an t-am sin, tá an trí scór slán acu anois. Tá Gaeilgeoirí fós i mbeagán tithe timpeall ar Loch Coiribe atá níos óige ná sin, ach ní gnáthrud a bhí ann páiste a thógáil le Gaeilge ar an Achréidh sna caogaidí agus uaidh sin amach.



When the dust settles

A sign on the road to Menlo boasts of partnership between Lackagh Rock and Galway Corporation. But as many Menlo residents tell, the marriage has been a stormy one, full of broken promises, lots of dirt, and looks like ending up in court. Richie Byrne was on the rockface.

WHEN LACKAGH ROCK took over the quarry at Menlo, planning permission stipulated 10 conditions. These labours of love included: landscaping; working only between 8.00 and 20.00 Monday to Friday; cutting down on dust emission; building concrete roads for trucks; cleaning trucks regularly; keeping noise levels down. Having courted favour, the suitor failed to please.

Local residents complained that the place was being turned into a dirty potholed eyesore, and due to noise, dust and the traffic of laden trucks, the combined residents association asked that the conditions of the planning permission be adhered to.

Lackagh Rock replied through their solicitor: "The permission was granted by An Bord Pleanála on the 15 July 1983. If conditions attached to a planning permission are not complied with or enforced for a period of five years after the grant, then under the Local Government Planning and Development Act of 1992, they are not enforceable, but deemed to be effectively abandoned. It is conceded that conditions attached to that planning permission were never implemented or enforcement sought."

Who had the responsibility to enforce these conditions? Lackagh's bride – Galway Corporation. How could she enforce them? Neither the quarry nor any of the buildings on the site are shown on the town plans. They show the whole area as green fields.

Lacking the support of the planning authorities, local residents decided to take another route. They heard that the quarrying company were seeking to renew the explosives transporting licences needed to carry out blasting. The residents spoke to the local Garda Superintendent. When he heard the details of the case, he objected to the granting of the licences. They were withheld.

Once the fireworks had gone out of the marriage, the groom was quite upset. The residents were told that *their* actions could result in unemployment. The solicitor spoke again: "... quarry materials are practically at an end ... which will consequently lead to the imminent loss of jobs for the quarry employees, and we would therefore ask you to kindly revert to us as a matter of urgency." For the first time, *urgency* crept into the vocabulary of the quarry company.

Feeling that things had gone far enough, a rival residents' committee was set up. At the inaugural meeting of the Ballindooley Residents Association, drinks were kindly sponsored by a local company...

Driving back to Galway from Menlo through the cracks and potholes of the cratered road, a parallel between broken rocks and fruitless marriage became apparent. And the need for enforcing bodies to actually enforce.

An Sliogán



BIAL ANN

CEOL NA MARA

An Spidéal, Co na Gaillimhe

Teil: (091) 553036 Fón Póca: (087) 6889146

Lig scíth agus glac lón nó dinnéar sa seomra bia compordach atá againn. Radharc breá ar an bhfarraige, ar oileáin Árann agus ar shléibhte an Chláir.

Bíodh do rogha béile agat *à la carte* nó ó bhiachlár an lae.

Liosta fada fionta

Flúirse éise le fáil ón gceann agus *entrees* feola go leor.

Bfionn biachlár ar leith ann Dé Domhnaigh, feoil róistithe agus eile.

Ar oscailt seacht lá na seachtaine

ó 12.00 go dtí 21.00.

Airíthint agus eolas:

Fiona nó Clárán

(091) 553036, (087) 6889146

**GLOINE FÍONA IN AISCE
ACH £11 A CHAITHEAMH AR BHÉILE**

CUISLE



Teanga agus Cultúr na hÉireann

CÚRSAÍ GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA

Tosaitheoirí - Meán - Ard Leibhéal

CÚRSAÍ GNÍOMHAÍOCHTA

*Bodhrán & Flúit.

*Damhsaí Thír Chonaill *Péintéireacht Mara

*Siúl Sléibhe

*Seandálaíocht *Potadóireacht Cheilteach

*Tírdhreach & Cultúir *Fíodóireacht Taipéise

Scoil Shambraidh i dTeanga & Cultúr (24-31 Iúil)

CÚRSAÍ DO MHÚINTEOIRÍ

*Cruinneas na Gaeilge

*Múineadh na Gaeilge do Dhaoine Fásta

BILEOG EOLAIS 1999

OIDEAS GAEL,

Gleann Cholm Cille, Co Dhún na nGall.

Fón: 073-30248 Fax: 073-30348

email:oidsgael@iol.ie www.oideas-gael.com

'Aitheanta ag An Roinn Oideachais do Mhúinteoirí Bunscoile'



SAOIRE SA GHAELTACHT?

DÉAGÓIRÍ

Maigh Eo, Corcaigh, Dún na nGall,
Meitheamh, Iúil, Lúnasa.

DAOINE FÁSTA

Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall
Iúil agus Lúnasa

Gach Eolas ó:

Gael-Linn

26 Cearnóg Mhuirfean,

Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 6767283 Faics: (01)6767030

Roimhphost: Gaellinn@tinet.ie



Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Cúrsaí Gaeilge agus Oidhreacht do Dhaoine Fásta

*Irish Language and Heritage Courses
for Adults*

Ballyferriter, Dingle Peninsula

5-7 July - Total Beginners

19-24 July - Post-Beginners

19-24 July - Irish Language and Heritage

- Beidh gá le Gaeilge don gcúrsa seo

9-14 Lúnasa - For people who have some Irish already

Gach Eolas: Oidhreacht Chorca Dhuibhne,

Baile an Fheirtéaraigh,

Trá Lí,

Co. Chiarraí.

Fón: 066 9156100 Facs: 066 9156348

Email: mus@cfcdeo@iol.ie

Saoire ar-líne

Tá muid ag teannadh go tapaidh le séasúr na turasóireachta, an aimsir ag feabhsú beagán agus fonn taistil ar go leor. Leis an bhforbairt eacnamaíoch sa tír le blianta beaga, is cinnte go mbeidh níos mó daoine ag caitheamh saoire thar lear i mbliana. Mar sin, b'fhiú duit smaoineamh ar an idirlíon sula ndéanann tú aon socrú. Mar gheall ar an méadú mór ar e-ghnó agus e-thráchtáil, tá sé beagnach níos éasca anois do ghnó a dhéanamh sa domhan cyber ná mar atá sé ar an tsráid. De réir taighde i Meiriceá, faoin mbliain 2002 beidh suas le 65 milliún saoire á gceannacht tríd an idirlíon. Tá formhór na gcomhlachtaí móra - óstáin, oifigí saoire agus comhlachtaí carrana ar cíós ar líne.



Meas tú cén áit?

LE ÁIT FHEILIÚNACH saoire a lorg, d'fhéadfá tosáil ag www.travel.epicurious.com, suíomh idirghníomhach saoire a fhógraíonn gur féidir leo an t-ionad saoire is feiliúnaí duitse go pearsanta a phiocadh. Bíonn roinnt ceisteanna le freagairt agus déanann siadsan an chuid eile. Téigh chuig www.100hot.com/travel áit a bhfuil liosta de na suíomhanna is mó a bhfuil tóir orthu ar an ngréasán. Is fiú cuairt a thabhairt freisin ar shuíomh a bhfuil go leor nascanna fiúntacha acu le suíomhanna eile saoire ar nós www.travelang.com nó www.lonelyplanet.com.

Rogha le Déanamh

NUAIR ATÁ D'INTINN déanta suas faoi thír ar leith, téigh go dtí ceann de na suíomhanna móra saoire ar nós www.yahoo.com nó ceann nua microsoft ag www.expedia.com. Tá

liostaí iontu seo de gach saghas turas saoire, chuile réigiún faoin ngrian, agus tuilleadh nach iad. Bíonn léirmheas rialta acu ar shaoire faoi leith agus cur síos iomlán ann atá fíor-úsáideach don té atá ag bualadh bothair.

Thainig mé ar roinnt gnéithe fíorshuimiúla ag [expedia](http://expedia.com). Cuir i gcás na pictiúir 360=BA, pictiúir de lárionaid cháiliúla domhanda. Is feidir breathnú ar phictiúir ó lár an Serengeti san Afraic agus is *pan* iomlán é.

Na Ticeáid

NUAIR A BHÍONN TÚ cinnte go bhfuil tú le ticéad a cheannacht, caithfear comparáid praghasanna a dhéanamh. Is cinnte gur féidir margadh maith a fháil ar an idirlíon, má chaitheann tú beagán ama leis na seirbhísí éagsúla idirlín. Úsáideann www.easysabre.com an córas SABRE atá á úsáid ag na hoifigí taistil idirnáisiúnta, chun do thicéad a chur in áirithe. Ar an taobh eile den scéal, b'fhiú cuairt a thabhairt ar na *seat auction sites* atá coitianta. Díoltar ticéid a cuireadh ar ceal ar an bpraghas is airde a thairgítear. Téigh isteach chuig www.Virginexpress.com, dream a raibh go leor cainte orthu le gairid mar gheall ar phraghasanna an-saor go deo a bheith á dtairseint! Is ar an tsí chéanna a oibríonn www.lastminute.com, ach gur saoire i n-óstáin an-chostasacha a bhíonn á dhíol acu. An inní is mó a bhí ar dhaoine le blianta ná an chontúirt a

bhí ann go ngoidfí t'uimhir creidniheasa. De réir cosúlachta, níl an baol chomh mór sin. De réir *expedia* tá an tsílandáil éifeachtach. Dhíoladar milliún ticéad in aon mhí amháin gan aon dochar a dhéanamh dá gcustaiméirí.

Seachain!

LE SÚIL A CHAITHEAMH ar thír, téigh chuig www.tripprep.com, suíomh a mbaineann fórsaí armtha Mheiriceá úsáid as. Tá cúpla focal anseo faoi gach tír ar domhan, agus bíonn nuacht laethúil na tíre acu. Tugtar comhairle chomh maith faoi ghalair a bheadh sa tír, agus aon vaicsín is gá a thógáil. Le heolas a fháil ar aimsir na tíre, níl suíomh is fearr ná suíomh CNN, ag www.cnn.com/weather. Tá réamhfhaisnéis na haimsire acu do shé mhíle cathair ar fud na cruinne. Más ag déanamh do bhealaigh suas ar chnoic le skiáil atá tú, b'fhiú duit cuairt a thabhairt ar www.csac.org le heolas ar aon bhaol *avalanche* a fháil. Tá na cnoic iad féin le feiceáil ag www.snowcam.com (Meiriceá), www.topin.ch (an Eoraip), ag úsáid an chórais *live video*.



Don Uoyage

SULA ndÉANANN TÚ do bhealach chuig an aerfort, má tá aon leabhra saoire uait, sé www.amazon.com an áit is éasca margadh maith a fháil. Bíonn sábháilt 40% ar chostas fhormhór na leabhra. Ná déan dearmad do chuntas soghluaiste e-phost a chruthú roimh ré. Leis seo, is féidir leat post a sheoladh agus a ghlacadh ar do laethanta saoire. Tá siad in aisce ag www.hotmail.com nó ag www.yahoo.com. Lena bhfuil d'eolas ar laethanta saoire agus ar thurasóireacht ar-líne, is fiú taighde a dhéanamh roimh ré. B'fheidir go deimhin, go dtiocfa ar mhargadh iontach!

"Don't Condemn m

BLIAIN AGUS SCÓR Ó SHIN, fuair Micheál Mac Liammóir bás. Céard a bheadh ar siúl aige dá mbéadh sé ina fhear óg anois? An i *Ros na Rún* a bheadh sé, i Nua Eabhrac le *Druid*, ina láithreoir ar an *Late Late*, ina chathaoirleach ar an Taibhdhearc, nó ina dhia beag ar *Hollywood Anocht*?

Ealaíontóir agus scríbhneoir ildánach a bhí ann: foilsíodh cúig leabhar Gaeilge leis, ina measc *Oícheanta Sí* (1922), agus *Ceo Meala Lá Seaca* (1952).

Bhunaigh sé amharclann an *Gate* le Hilton Edwards, agus bhí láimh aige i mbunú na Taibhdheirce. Mhaisigh sé *Scéalaíocht na Rithe*, leagan Nua-Ghaeilge le Proinsias Mac Cana agus Tomás Ó Floinn ar scéalta Sean-Ghaeilge, scríobh réamhrá do *Dheoraíocht* le Pádraig Ó Conaire. Bronnadh saoirse Bhaile Átha Cliath air i 1973, agus tá stampa ag an bPost in ómós dó.

'Trína locht féin,' ar sé i *gCeo Meala*, 'do lig sí (Éire) do phríomhchomhartha a náisiúntachta - a teanga féin - teacht i mbéal na huagha'.

Ach ainneoin an creideamh ceart sin a bheith aige, agus ainneoin feabhas a shaothair, is fuarchuimhne atá ag Gaela ar Mhac Liammóir. Cén fáth? Seo cloch ar a charn le Diarmuid Jonhson.

SASANACH A BHÍ I ALFRED WILMORE. Rugadh i Londain é. Níorbh Éireannaigh a mhuintir. Ina bhuachaill óg dó, bhain sé cáil amach dó féin ina aisteoir. In aois a dhá bhliain déag, rinne sé páirt Oliver Twist. Arsa an *Standard* (26 Meitheamh 1912): "Master Alfred Willmore, the new Oliver, is a curly haired twelve-year-old boy who acted Michael in the last revival of Peter Pan. The little fellow's Oliver had an appeal which immediately won the audience and his performance was an instantaneous success."

Lean an *success* sin é cuid mhór dá shaol. "I have never used the word genius in a theatre notice, but I have no hesitation in applying it to the Hamlet of Micheál Mac Liammóir," arsa David Sears san *Irish Independent* i 1932.

Go luath i ndiaidh Oliver Twist, tharla Alfred i mBaile Átha Cliath é ar thuras. "I used to spend a lot of my time at the Abbey Theatre," ar sé, "watching the Irish plays. I think they are fine, and I like reading W.B. Yeats's plays."

Is í fis Yeats faoi ról na healaíne sa saol a mheall Alfred ar ais go hÉirinn ina ógfhear: "I went to Slade School to study painting and about this time I read an essay by a man named Yeats. 'Ireland and the Arts' was the title of the essay, and I believe it changed my whole life."

Is ina dhiaidh sin a luigh Alfred Willmore isteach ar an nGaeilge. Bhí sé ag tarraingt ar ocht mbliana déag. Chuir sé faoi i mBaile Átha Cliath, agus thug Micheál Mac Liammóir air féin.

'Do cheann maiseach tóg go bpógad do bhéal'

I RITH AN AMA SIN, agus é ag santú ábhar léitheoireachta i nGaeilge, is cinnte gur smaoinigh Mac Liammóir ar

'Brat an stáitse bheadh sé dubh agus péacóga móra órtha air do réir sean-nóis ornáidithe na gCeilteach. Rinne mé dathadóireacht na bpéacóg sár-náisiúnta seo mé féin agus na brait sínte amach agam ar an urlár; bhí mé deich lá ag obair orthu; agus cé go bhfuil athrú ar a lán rudaí i dTaibhdhearc na Gaillimhe creidim go bhfuil cúl-éadach is gléas soilsithe Hilton agus mo chuid péacóg órtha ann go dtí an lá inniu.'

—MICHEÁL MAC LIAMMÓIR, *Ceo Meala Lá Seaca*.

Ghaeilgeoir eile a raibh mianach Shasana ann, agus féith na homaighnéaschta, sin é Pádraig Mac Piarais. 'Do cheann maiseach tóg go bpógad do bhéal,' arsa an Piarasach sa dán *A Mhic Bhig na gCleas*.


Dhá údar do lucht na Gaeilge le dearmad a dhéanamh ar Mhac Liammóir ab ea a dhúchas, bíodh is gur cheil sé é, agus an obair mhór a rinne sé trí mheán an Bhéarla le haisteoirí móra eile, Orson Welles, cuir i gcás. Ach bhí an tríú údar ann: ba homhaighnéasach é.

Chuir an clonadh sin uafás ar go leor in Éirinn. Agus ní dheachaigh Mac Liammóir ar chúil sceiche leis. Chaith sé féin agus a pháirtí Hilton Edwards saol an chéileachais ar feadh na mblianta. Sin cé gur coir a bhí ina leithéid de réir dhlí na hÉireann.

Pé srian a chóinnigh siad orthu féin i mBaile Átha Cliath, lig siad leis i Woodstock, Illinois i 1934. Dúirt Orson Welles: 'Up and down the main street of Woodstock went Micheál, with beaded eyelashes with the black running down the side of his face because he could never get it right, and his toupée slipping but still full of beauty.'

'Don't condemn me to mediocrity'

OÍCHE I MBAILE ÁTHA CLIATH, más fíor, labhair Hilton le Micheál: "Michael," ar sé, "should we go down to the Gaelic club?" Chas Micheál gur



me to Mediocrity”

—Micheál Mac Liammóir

labhair go tarcaisniúil: “Don’t condemn me to mediocrity,” ar sé.

Dá mairfeadh Micheál Mac Liammóir lenár linn féin, an-seans go mbeadh an port céanna aige. An-seans go gcuirfeadh sé an mheasarthacht i leith cuid de dhrámaíocht na linne.

Dá mairfeadh sé, is dóigh gur fearr an glacadh a bheadh lena chlaonta. Tá féith na homaighnéasachta le haithint feasta ar chultúr na Gaeilge. Is rud coitianta ará sa homaighnéasacht i bhfochultúir éagsúla, go mór-mór i measc intleachtóirí agus ealaíontóirí ar láidre féith na hindibhíde iontu ná féith na tréadúlachta.

I saol na Gaeilge, is dóigh gurb é *Na Buachaillí Bána* le Cathal Ó Searcaigh páipéar bán na homaighnéasachta. “Bhí gach cead agam, an oíche úd, ar do chaoinechorp caomh; ar ghile cúir séidte do bhoilg; ar do bhaill bheatha a ba chumhra ná túlaí fómhair bheadh i dtaisce le ráithe . . .” (*Oíche*).

Tá páipéir eile de chuid Chló Iar-Chonnachta breac leis an ábhar céanna, ina measc *An Fear a Phléasc* le Micheál Ó Conghaile:

“Amach ó scailp sa gclai a léim sé. ‘Tá tú ann,’ a deir sé, ‘b’fhada liom go dtiocfa.’ É ina sheasamh romham ansin ina staic, a bheilt leathoscailte ar sliobarna b’fhacthas dom.”

Dá mairfeadh Mac Liammóir, bheadh fochultúr Gaelach ann a ghlacadh

leis. Geist eile an mbeadh sásamh anama ná intinne sa bhfochultúr sin dó.

File, Gréigeach, agus buachaill bán ab ea Constantine P. Cavafy (1863 - 1933). “Ó bhí mé sna déaga, tá dáimh agam le dánta Chavafy,” arsa Cathal Ó Searcaigh. Cuirimís sliocht as dán



Micheál Mac Liammóir, 1936

mór le Cavafy, *Ithaka*, le cuimhne Mhichíl Mhic Liammóir, pé áit a bhfuil a anam guagach anois:

*As you set out for Ithaka
hope your road is a long one,
full of adventure, full of discovery.
Laistrygonians, Cyclops,
angry Poseidon - don't be afraid of them:
you'll never find things like that on your way
as long as you keep your thoughts raised high
as long as a rare excitement
stirs your spirit and your body.*



Diarmuid Johnson:

Nuair a chuaigh TnaG ar an aer oíche Shamhna 1996, bhí na deora áthais leat. Céard atá i do chroí anois agus trí shéasúr caite agat leis an stáisiún nua?

Diarmuid de Faoite:

Tá mé dóchasach go mairfidh TnaG. Creidim gur stáisiún maith é. Faraor, níl a ndóthain airgid acu don chineál rud ba mhaith liomsa. Tógann Ros na Rún an oiread sin den bhuiséad nach bhfuil fágtha acu ach dóthain le dráma leathuair a' chloig a dhéanamh anois is arís.

DJ: *Bíodh is go raibh ról mór agat i Ros na Rún, níl tú páirteach ann níos mó faoi láthair. Cén fáth?*

“Daoine a bhíonn a scríobh i nGaeilge, bíonn siad i ngrá le fuaimeanna na teangan. Ní hionann sin agus a rá gur drámadóirí maithe iad.”

DF: Tá mé tinn tuirseach ag plé le *production-line TV* mar a thugaimse air. B'fhearr liomsa ceithre seachtainí a chaitheamh ar phíosa deich nóiméad agus é a bheith i gceart. *House in Jerusalem*, sraith a raibh mé ann, dhéanadh muid sé cinn in aghaidh an lae. Obair mhór, ach níl a fhios agam an raibh feoil ar bith air. B'iontach an taithí a bhí i Ros na Rún, agus bhí sé iontach freisin ó thaobh airgid de, ach . . . ní shásaíonn sé mé.

DJ: *An raibh tú cráite i Ros na Rún?*

DF: Bhíos. Ón gcéad lá déarfainn. Bhíos bréan de chúrsaí teilifíse, den chineál sin teilifíse. Bhíos tar éis a bheith ag obair ar ghalúntraí roimhe sin ar aon nós.

DJ: *Tá dhá chineál aisteora i Ros na Rún. Tá na haisteoirí profaisiúnta agus na haisteoirí eile. An bhfuil baol ann go n-imeoidh na haisteoirí profaisiúnta duine i ndiaidh a chéile?*

DF: B'fhéidir go n-imeoidh siad, ach



*Eureka, House in Jerusalem, Ros na Rún: tá seanaithne ag lucht teilifíse ar an éadan tréitheach atá ag Diarmuid de Faoite. Ach tá Diarmuid tar éis filleadh ar an stáitse ar thóir an ghliondair agus an ardú croí a fuair sé leis *Na Fánaithe* tadó. *The Seagull* le Tchekov á léiriú ag *Cornerstone* (*Bloodstone* tráth) i nGaillimh an chéad chéim eile. Feicfear sin Mí Iúil agus Lúnasa. Agus Deireadh Fómhair, beidh leagan Gaeilge de *The Beauty Queen of Leenane* á stiúrú ag Diarmuid sa Town Hall Theatre i nGaillimh le linn *Féile 2000*. Seo léargas a thug sé do *Chuisle* ar an ngruaim, agus ar léas nua dóchais ina shaol. Sin agus lom a thuairime faoi *Amharclann Náisiúnta na Gaeilge* . . .*

an chaoi a bhfuil an saol ag na haisteoirí, bíonn fadhb acu le hairgead i gcónaí. Uaireanta, déarfaidh siad, right, sin sin, tá mé tinn tuirseach de seo mar níl an 'fíor-aisteoireacht' ann, agus imíonn siad leo, ach ansin

buaileann an bochtanas arís iad, agus filleann siad le cúpla clár eile a dhéanamh. Agus seans maith go dtarlóidh an rud céanna dom féin!

DJ: *Ar ceart dar leat do TnaG gach*

Ó Ros na Rún go Tchekov

iarracht a dhéanamh fad saoil a thabhairt do Ros na Rún? Nó arbh fhearr an t-airgead a chaitheamh ar scannáin nua sa gcaoi is go mbeadh dúshlán nua ann do na haisteoirí, agus deiseanna scripteála agus léirithe chomh maith?

DF: Tá ag éirí chomh maith sin le Ros na Rún, sílim go bhfuil an ceart ag TnaG an t-airgead a chaitheamh ar Ros na Rún. Ach ó thaobh dhrámaíocht na Gaeilge de ar an teilifís agus na léiritheoirí neamhspleácha, in áit iarratas a chur isteach do TnaG, b'fhéidir go mbeidís i ndán comhléiriú a dhéanamh le RTÉ nó BBC, nó dream ar bith a bhfuil sparán mór acu.

DJ: *D'fhill tú ar shaol na hamharclainne san Aibreán, agus bhí páirt agat i mBliain an tSiúilora le compántas na Taibhdheirce. An rachaidh tú ar ais chuig an Taibhdhearc?*

DF: Déanfaidh mé dráma eile sa Taibhdhearc má bhíonn sé déanta go profaisiúnta. Ó thús deireadh. Tá agus bhí daoine maithe ag obair sa Taibhdhearc le fada. Ach má bhreathnaíonn tú ar na stiúrthóirí ealaíne a bhí sa Taibhdhearc le blianta anuas, Trevor Ó Clochartaigh, Seán Ó Tarpaigh, Seán Ó Murchú, níor fhan éinne acu ach cúpla bliain, agus na daoine sin ar fad, tá siadsan ar fad anois ag plé le cúrsaí teilifíse nó cúrsaí amharclainne go profaisiúnta.

DJ: *Imíonn na daoine. Cén chúis atá leis?*

DF: Is é an freagra a bheadh ag an Taibhdhearc air sin ná nach féidir daoine a choinneáil mar go dtéann siad leis an teilifís. Ach sílim nach bhfuil an Taibhdhearc sásta breathnú orthu féin agus a admháil go gcaithfidh sé go bhfuil rud eicint bunúsach mícheart ann.

"B'fhéidir nach bhfuil ach réiteach amháin ar an scéal. Sin compántas profaisiúnta a bhunú a bheadh neamhspleách ar an Taibhdhearc."

DJ: *Agus céard é sin?*

DF: Is í an fhadhb bhunúsach go rithear an áit mar a bheadh club príobháideach ann. Tá an cead sin acu, ach ní maith liom é.

Tá áit ann don amharclann amaitéarach, ach tá áit ann freisin i nGaillimh, thar aon áit eile sa tír, d'amharclann phrofaisiúnta. Is í an Taibhdhearc an amharclann is deise sa tír, ach an féidir leo amharclann náisiúnta na Gaeilge a thabhairt orthu féin? Bíonn a gcuid stuif lag go minic. B'fhéidir nach bhfuil ach réiteach amháin ar an scéal. Sin compántas profaisiúnta a bhunú a bheadh neamhspleách ar an Taibhdhearc.

DJ: *Tá caint ann le cúpla bliain anuas go dteastaíonn amharclann nua sa nGaeilge? An mbeadh ciall leis sin agus amharclann na Taibhdheirce ansin i mbéal an dorais cheana?*

DF: Cinnte ba cheart go mbeadh amharclann phobail ann. Ach b'fhéidir go mb'fhearr an t-airgead a chaitheamh ar na hallaí pobail agus ar ghrúpaí a dhéanfadh freastal orthu.

DJ: *An drámaíocht atá sa nGaeilge,*

an doigh leat go bhfuil sí á cur féin i bhfeiliúint do shaol na linne.

DF: Tá sílim, go pointe. Ach tá claonadh ann seandrámaí a chur ar an stáitse.

DJ: *An gceapann tú dá mbeadh amharclann nua sa nGaeilge go gcothódh sin scríbhneoirí nua?*

DF: B'fhéidir é. Ach sílim go bhfuil fadhb leis an scríbhneoireacht i nGaeilge. Bíonn sé rófhoclach go minic. Daoine a bhíonn a scríobh i nGaeilge, bíonn siad i ngrá le fuaimeanna na teangan. Ní hionann sin agus a rá gur drámadóirí maithe iad.

DJ: *Tá obair déanta agat le trí stáisiún teilifíse: ar mhaithe le forbairt a chur ar do chuid aisteoireachta agus drámaíochta anois, an gcaithfidh tú a dhul le saol an Bhéarla?*

DF: B'fhéidir go raibh sé de cheart agam dul isteach i saol an Bhéarla an chéad lá riamh. Agus fós bheinn i ndán rudaí a dhéanamh i nGaeilge. Tá faitíos orm go mbreathnaítear orm mar aisteoir Gaeilge anois, seachas mar aisteoir a bhfuil Gaeilge aige. Is aisteoir mé.

DJ: *Beidh páirt agat i The Seagull le Tchekov, dráma a bheas Cornerstone (Bloodstone tráth) a léiriú i nGaillimh sa samhradh. An rud mór duit é sin?*


DF: Ó 'sea. An stiúrthóir, Misha Mokeev, tagann sé díreach ó scoil Stanislavsky anuas, dia na drámaíochta, d'fhéadfá a rá. Rinne mé ceardlann trí lá leis, agus thuig mé cén fáth a raibh mé ag iarraidh a bheith i m'aisteoir, arís.

DJ: *An gcuirfeá obair eile ar fad san áireamh duit féin amach anseo seachas an aisteoireacht agus an drámaíocht?*

DF: Níor mhiste liom a bheith i m'fheirmeoir orgánach, b'fhéidir. Is minic a chuimhním air. Tá céim sa muireolaíocht agam. Is cinnte go bhfuil mé ag cuartú paiste talún le síol a chur!

DJ: *Go n-éirí an churadóireacht leat, is go n-éirí do shaothar leat freisin.*





An Fhuinneog,
a monthly window
of opportunity for
the learner, the
improver and the
native speaker
who would like to
read more in
Irish, offers
glossaries in
English, excerpts
from the best of
Irish books,
helpful tips and
more.

**Oscail An
Fhuinneog agus
féach isteach.**

The laws governing distillation and the making of *poitín* in Ireland are an instrument devised by Westminster to powerful economic weapon. The ban persists, and in his secluded *séibín*, the small private distiller plays cat and mouse with the forefathers did with agents of the crown.

Ní Saoirse go Saoirse n

1 DLÍ SHASANA is bun don stíláracht sa tír seo. Tá an dlí sin anuas ar na stílárí baile ó 1760. Cuireadh dleacht ar an mbiotáille an bhliain sin, agus cuireadh leis an dleacht as sin go dtí 1823. Fós féin, bhí rath ar an bpoitín, agus lucht a dhéanta in iomaíocht go mór leis na stílárí oifigiúla. Bíodh is nach raibh aon chumhacht pholaitiúil ag cosmhuintir na hÉireann, bhí cumhacht eacnamaíúil acu de bharr an phoitín. Thuig Westminster é sin, agus athraíodh an dlí dá bharr i 1823: cuireadh cosc ar an stíláracht baile, agus tá cosc uirthi fós.

2 Ba cheart an dlí a leasú ionas go mbeadh meas ar phoitín na ndaoine. Ceadúnas a thabhairt do na stíláraí baile a bhfuil ar a gcumas poitín maith folláin a dhéanamh. Chomh maith le *vodka* na Polainne, fuisce na hAlban, *Bushmills* Uladh nó *schnapps* na Gearmáine a ól, d'ólfaí deoch na háite. Tá dhá mhargadh ann don phoitín. An margadh baile agus an margadh iasachtach. Dá mbeadh an dlí ar son an phoitín, níor ghá é a dhéanamh i ngan fhios don dlí. Chuirfeadh sin feabhas ar an bpoitín láithreach.

3 Is le himeacht ama a thagann deoch biotáille chun aibíochta. Nuair is faoi dheifir a dhéantar an poitín, ní bhíonn an t-am sin ann, agus nuair nach bhfuil deis stórála ann, óltar an poitín róluath tar éis a dhéanta. Cuirtear tairgí saorga sa bpoitín lena thabhairt chun aibíochta roimh a ré. Tairgí leis na súilíní a bhaint as, cuir i gcás.

Tá cáil ar an bpoitín agus tá droch-cháil. Dhá rud atá i gceist leis an droch-cháil. Gan an deoch a bheith ar fheabhas ar an gcéad dul síos. Ach sin de bharr na laicisí a chuireann an dlí ar na stíláraí. Meisce an dara rud a tharraing droch-cháil ar an bpoitín. Is é sin mí-



Cyril Cusack i mbun stílárachta sa scannán *Poitín*

úsáid mar a deirtear sa lá atá inniu ann. Is féidir mí-úsáid bhaint as deoch mheisciúil ar bith, nó druga. Is bréag agus áibhéil a rá gur contúirtí poitín a ól ná cineál eile biotáille, fad 's nach drochphoitín é.

4 Úsáid agus mí-úsáid, cead nó cosc an dlí, is ceist í atá á plé ar an saol seo i leith *marijuana* agus *cannabis*. Tá cosc ar *marijuana* agus *cannabis* mar gheall gur tairgí iad de chuid na dtíortha bochta. Dá gceadófaí dóibh na tairgí seo a shaothrú 's a dháileadh, thitfeadh an tóin as margadh an tabaic san Eoraip agus i Meiriceá agus thiofadh athrú ar an gcothromaíocht eacnamaíoch go domhanda. Tá glacadh leis an tobac, agus sin é a fheileann do hollchomhlachtaí agus do rialtais an domhain thiar. Is beag baint atá ag cúrsaí sláinte leis.

5 Dá leasófaí an dlí, theastódh féitheoirí agus cigirí le mí-úsáid agus ró-úsáid an phoitín a laghdú. Ach d'fhéadfaí ceird na stílárachta a mhúineadh. Stíláraí óga a oiliúint sula dtéann an traidisiún i gcré. Ina áit sin, tá a gcultúr féin a shéanadh 's a chosc ar na daoine. In áit an tairge baile a bheith againn, tá muid ag brath ar an importáil agus ar an iasacht.

Is in áiteacha iargúlta a déantar poitín. Ceantair *faoi mhibhuntaiste* atá á bhaisteadh ar

1 stíláracht - distillation; anuas ar - set against; dleacht - duty; biotáille - spirits; rath (ar) - success; lucht a dhéanta - its makers; in iomaíocht - competed with; cosmhuintir - na gnáthdhaoine; cosc - ban.

2 leasú - reform; ceadúnas - licence; folláin - sláintiúil; iasachtach - foreign; i ngan fhios don dlí - clandestine.

3 aibíocht - maturity; deis stórála - storage facilities; tairgí saorga - chemical products; súilíní - bubbles; droch-cháil - bad reputation; laicisí - impediments; mí-úsáid - abuse; deoch mheisciúil - alcoholic drink.

4 saothru agus dáileadh - develop and

distribute; cothromaíocht - economic balance; eacnamaíoch - economic; ollchomhlachtaí - supercompanies.

5 féitheoirí - supervisors; cigirí - inspectors; ró-úsáid - overconsumption; ceird - craft; i gcré - buried; séanadh - withhold; iargúlta - remote; tionsclaíocht - industry; misneach - encouragement; meath - decline; ceirdanna dúchais - traditional occupations.

6 ligí dóibh - they used to be allowed; oidhreacht - heritage.

7 monoíoch - monopoly; tairgíocht phríobháideach - private production.

deprive the nineteenth century Irish peasantry of a mouse with uniformed State vandals, just as his

na Stiléaraí



pic: Archiva Chonamara

na ceantair seo anois. Go deimhin is mór an míbhuntáiste do cheantar cosc a bheith ar an tionsclaíocht, agus is mór an misneach a chuirfeadh sé sna daoine meas a bheith ar thionscal dúchais dá gcuid féin.

Is eol dúinn freisin difhostaíocht mhór a bheith sna ceantair faoi mhíbhuntáiste. Tá an difhostaíocht sin ann de bharr meath a bheith ar na ceirdeanna dúchais, i measc rudaí eile.

6 Ní in Éirinn amháin atá an fhadhb seo. Sa bhFrainc, go dtí 1959, bhí cead ag teaghlach faoin tuath Calvados — uisce beatha — a dhéanamh. Teaghlach a raibh an traidisiún acu, ligfí do gach glúin leanacht ar aghaidh leis i ndiaidh a chéile. Chuir dlí 1959 deireadh leis an oidhreacht sin. De réir a chéile ó shin, tá na seandaoine a raibh cead stiléarachta ó dhúchas acu sa bhFrainc ag dul i gcré.

7 Tá monoplach ag comhlacht Pernod-Ricard ar an mbiotáille sa bhFrainc. Ní mian leosan an táirgíocht phríobháideach a bheith san iomaíocht leo. I 1993 cheannaigh Pernod na Fraince Irish Distillers. Seandlí Shasana, agus lobby sa bhFrainc: sin dhá ní a chuirfeas deireadh le stiléirí baile na hÉireann. Agus tá na Gardaí fós ag déanamh obair an RIC.

DJ

Leagan Cainte



Liam Mac Con Iomaire

*Céard a ólfas tú?
Goidé a ólfas tú?
Cad a ólfaidh tú?*

An nglacadh an painéal le 'An mbeidh deoch agat?' Ghlacadh Eibhlín leis, é sin nó 'An ólfaidh tú deoch?' Ghlacadh Dónall le ceachtar acu sin freisin. (Ach, a dúirt sé, dá mbeifeá ag caint faoi dhinnéar agat? Ní shílím é.) Tá barúil ag Seosamh go bhfuil sprionlaitheacht ag baint le 'chaon cheann den dá cheist sin thuas agus gur duine nach bhfuil aon chleachtadh aige ar a bheith ag ceannach deochanna a chuirfeadh ceisteanna mar iad — duine a bheadh breá sásta dá bhfaigh-eadh sé an freagra 'Ní bheidh' nó 'Ní ólfad'. Glactar leis go coitianta i gConamara, a dúirt Seosamh, go mbeidh deoch eile ag daoine agus go n-ólfaidh daoine deoch eile i gcónaí agus ansin is í an cheist a bheas ann 'cén deoch a ólfas tú?'; 'céard a ólfas tú?' nó 'Céard tá tú a ól?'

**Má thagann siad le chéile
ach Nuair a thioctas (thiocfaidh)
siad le chéile**

An bhfuil sé seo ceart: 'Míneoidh siad an scéal dá chéile nuair a thagann siad le chéile?' Níl. 'Míneoidh siad an scéal dá chéile nuair a thioctas (thiocfaidh) siad le chéile' an rud nádúrtha. Is í an Aimsir Fháistineach a bhíonn ag tús agus ag deireadh abairte den chineál sin a mbíonn 'nuair' inti. Déarfá 'Bíonn neart cainte acu 'nuair a thagann siad le chéile' ach sin rud a tharlaíonn go minic nó san Aimsir Ghnáthláithreach. Ach

úsáidtear 'tagann' san Aimsir Fháistineach tar éis 'Má' agus 'Mura': 'Míneoidh siad an scéal dá chéile má thagann siad le chéile' nó 'Ní míneoidh siad an scéal dá chéile mura (muna) dtagann siad le chéile'.

**Athair Mháire
agus deirfiúr le Máire**

An nglacadh an painéal leis seo: 'Athair le Máire a d'inis dom é?' Ní ghlacadh, mar tugann sé sin le tuiscint go bhfuil níos mó ná athair amháin ag Máire. 'Athair Mháire a d'inis dom é' ba cheart a rá. D'fhéadfá 'Deirfiúr le Máire' a rá ceart go leor agus tugann sé sin le tuiscint go bhfuil níos mó ná deirfiúr amháin ag Máire. I gcás nach bhfuil ag Máire ach aon deirfiúr amháin deirtear 'Deirfiúr Mháire'.

Lean na Gardaí an carr

Céard faoi abairt mar seo: 'D'éalaigh na gadaithe sa gcarr (sa charr) a lean na Gardaí?' Ní bheadh a fhios agat an iad na Gardaí a lean an carr nó an é an carr a lean na Gardaí. B'fhearr an abairt a chasadh thart beagán: 'D'éalaigh na gadaithe sa gcarr (sa charr) ar lean na Gardaí é' nó 'D'éalaigh na gadaithe sa gcarr agus lean na Gardaí iad.'

Ceist eile: 'Maraíodh triúr fear nuair a thit crann ar veain.' Céard a cheapann an painéal faoin abart sin? B'fhearr le Seosamh Ó Cuaig a leithéid seo: 'Maraíodh triúr nuair a thit crann ar an veain a raibh siad (ag taisteal) inti.'

In éineacht le Liam Mac Con Iomaire ar an gclár Leagan Cainte ar Raidió na Gaeltachta, bíonn Eibhlín Ní Mhurchú, Seosamh Ó Cuaig agus an Dr Dónal Ó Baoill. Bíonn siad le cloisteáil ar an Aoine ar 3.30 p.m.

AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin

SEO É leagan Mhairéad Ní Oistín den amhrán *An Raicín Álainn* a fuair sí ó Thomás Ó Neachtain ar an Spidéal. Amhrán grá ar ndóigh atá ann ina bhfuil an bhean fágtha faoi leatrom. Luaitear an téama seo go minic sna hamhráin. Casann Sorcha Ní Chéilleachair ó Phort Láirge leagan eile de seo agus an teideal *Raca Breá mo Chinn* air agus tá sé ar fáil freisin in *Amhráin Mhuighe Seola* le Eibhlín Bean Mhic Choisdealbha, arna fhoilsiú ag Cló Iar-Chonnachta.

Cé gurb é an fear atá ag caint i dtús an amhráin, is í an bhean atá ag caint ina dheireadh, agus fuinneamh an amhráin ón mbean.

Úsáidtear siombail go minic, an raca, in amhráin mar seo agus cuireann sé *The Bonny Green Tree* i gcuimhne dhom, amhrán a bhíodh ag amhránaí den lucht siúil darb ainm John Reilly (*The Bonny Green Tree*, Topic 12T359, 1978).

An Raicín Álainn

Ó bhí mé lá breá gréine ag dul an ród seo siar,
Casadh cailín óg orm 's í ag bleán na mbó cois clái,
Beirimse féin mo mhóid dhe as an rós a bhí ina haghaidh,
Ó ghluais is tar an bóithrín liom a' baint an fhomhair bhuí.


Ó bhí mé glic go leor leis an spórt a chur chun cinn,
Chuaigh muid go teach an ósta 'gus is dóigh gur shuigh muid síos,
Bhí fion is punch ar bord a'ainn ach is ormsa a bhí a íoc,
'S gur imigh sé síos an bóithrín uaim 's mo raca 'na phóca thíos.

'S nach brónach an bhean go lá mé a stóirín a deir sí,
Ní dhéanfaidh mé spraoi ná gáire nó go dtíge sé an ród seo arís,
Tá an ghruaig ag titim 'na duala dhíom 's gan cheo a'am a réiteodh í,
Ó chaill mé an raicín álainn bhíodh go hard i gcúl mo chinn.

Tiocfaidh sé an ród seo amárach is cuiridh céad fáilte faoi,
Socraigh cathaoir chlár dhó go hard i lár a' tí,
Bain a hata dá cheann 's ná bíodh cás ná náire ort faoi,
Nó go bhfaighe mé an raicín álainn ' bhíodh go hard i gcúl mo chinn.

Más mian leat ábhar a chur faoi bhráid Antaine nó ceist a chur air
faoina bhfuil ráite, cuir ríomhphost chuige ag cuisle@tinet.ie
nó seol nóta isteach chuige faoi chuiram
Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe.

Evidence of oil-spillage?



Bréantrá means *Dirty Beach*. But what's the correct Irish form of *Bantry*?

We'll send a free copy of Art Ó Dufaigh's new album *No Disguise/Céim ar Chéim* (see page 6) to the sender of the first correct answer.



Dara Bán, An Aird Thiar, Carna
pic: Archiva Chonamara

Ceist: Cén slóinne atá ar *Dhara Bán*? Cuirfidh muid cóip de théip atá déanta aige chuig an gcéad cheathrar a chuirfeas freagra ceart chugainn.

BUAITEOIR NA BEALTAINÉ


Céard is ciall le: *comhghéilleadh?* *Compromise* arsa J Ó Conaola, An Bóthar Ard, Gaillimh.

Comhghairdeachas. Síntiús bliana in aisce ag dul do J.

SCIORRADH PINN

Each month, *Cuisle* brings you a moment from the best of Irish writing, with a generous glossary. If you're just discovering the world of Irish literature, we hope our choice will encourage you to continue your journey.

AN BÉAL BOCHT le Myles na gCopaleen
Mercier



CHUIR AN Seandúine Liath fáilte roimh na Gaeil uaisle as Baile Átha Cliath agus thairg deoch bhláthaí dóibh mar chomhartha urrama agus mar ghloine bheatha tar éis a n-aistir.

Chuadar ansin ar fhód faoi leith le mionriar na feise a shocrú agus le hoifigigh na feise a thoghadh. Nuair a bhí críochnaithe acu, cuireadh in iúl don chruinniú go raibh an Nóinín Gaelach tofa mar Uachtarán ar an bhfeis, An Piscín Priaclach mar Leas-Uachtarán, An Tuiseal Tabharthach mar Reachtaire, An Ghaoth Aniar mar Rúnaí agus an Seandúine Liath mar Chisteoir.

Tar éis dreas eile comhludair agus comhrá, chuaigh an tUachtarán agus na boic mhóra eile in airde i láthair an phobail, agus is ansin a cuireadh tús ar Fheis Mhór Chorca Dhorcha.

Chuir an tUachtarán uaireadóir buí amach ar an mbord ós a chomhair, chuir a dhá ordóig i bhfostú i bpoill ascaill a veiste, agus thug an óráid fhíorGhaelach seo uaidh:

"A ghaela," a dúirt sé, "cuireann sé gliondar ar mo chroí Gaelach a bheith anseo inniu ag caint Gaeilge libhse ar an bhfeis Ghaelach seo i lár na Gaeltachta.


"Ní miste dom a rá gur Gael mise. Táim Gaelach ó mo bhaithis go bonn mo choise - Gaelach thoir, thiar, thuaidh agus thíos. Tá sibhse go léir fíorGhaelach mar an gcéanna. Gaeil Ghaelacha de shliocht Ghaelach is ea an t-íomlán againn.

"An té atá Gaelach, beidh sé Gaelach feasta. Níor labhair mise, ach an oiread libh féin, aon fhocal ach Gaeilge ón lá a rugadh mé agus, rud eile, is faoin nGaeilge féin a bhí gach abairt dá ndúras riamh.

"Má táimid fíor-Ghaelach, ní foláir dúinn a bheith ag plé cheist na Gaeilge le chéile i gcónaí. Ní haon mhaithas Gaeilge a bheith againn má bhíonn ár gcomhrá sa teanga sin ar nithe neamh-Ghaelacha. An té a bhíonn ag caint Gaeilge, ach gan a bheith ag plé cheist na teanga: ní haon tairbhe don Ghaelachas a leithéid sin mar gur ag magadh faoin nGaeilge a bhíonn sé agus ag tabhairt masla do Ghaelaibh."

thairg - offered
deoch bhláthaí - a drink of buttermilk
comhartha urrama - a sign of reverence
gloine bheatha - welcoming cup
fód faoi leith - i leataobh
mionriar na feise - the finer details of the feis
toghadh - to elect

tofa - elected
Nóinín Gaelach - Irish Daisy
Piscín Priaclach - Dangerous Kitten
Tuiseal Tabharthach - Dative Case
cisteoir - treasurer
dreas - tamall
boic mhóra - big shots
ascall - armpit



PÁDRAIG Ó FLAITHEARTA

D-DAY

Dá mbeadh creideamh na bpsireog sna fir a cheadaigh ionradh na Normaine caoga cúig bliain ó shin, seans go gcuirfidís an t-ionradh sin ar ceal. Mar bharr an gcontúirt saoil a bhí rompu, bhí sé ina ghála orthu, agus murach go raibh beagán feabhais geallta, is baolach nach ligeadh an Ginearál Eisenhower cead seoil don chabhlach mór ar chor ar bith.

Ach lig, ach sheol na mílte fear óg i dtreo chósta na Fraince roimh bhreacadh lae ar an séú lá de Mheitheamh 1944. D-Day. Ní móide gur leigheas an gála an tinneas farraige a bhí orthu, ná an teannas agus an scéin a bhí orthu agus iad ag dul chun cogaidh.

Nuair a shroich siad cósta na Fraince, bhí míle bac agus contúirt rompu, gach a raibh an *Field Marshall* Rommel i ndán smaoineamh air agus é ag fanacht leis an *longest day*, mar a bhaist sé air.

Chaith na fir óga iad féin san uisce, ábhar pleascach ina dtimpeall, agus piléir á scaoileadh leo. Isteach leo ar an trá agus an t-aer ina thine, fir óga eile rompu a bhí gach pioc chomh scanraithe leo. B'fhéidir gur fearr an léargas a thugann *Saving Private Ryan* le Stephen Spielberg ar imeachtaí an lae sin ná rud ar bith a scríobhadh riamh.

Le blianta fada anois, is gnás le daoine laethanta saoire a chaitheamh ar thránna na Normaine. Cé mhéad acu a smaoíonn ar an dóirteadh fola a tharla ar na tránna céanna caoga cúig bliain go ham seo?

gliondar - áthas, ríméad
baithis - crown of head
bonn mo choise - sole of my foot
sliocht - extraction
ní foláir dúinn - we must
nithe neamh-Ghaelacha - unIrish things
tairbhe - leas, maitheas
masla - insult



Seán Mag Uidhir

Cothrom na Féinne

Is é an tOllamh Brice Dickson atá ceaptha le dul i mbun Choimisiún na gCearta Daonna

TRIOCHA BLIAIN GO HAM SEO, is ar Ghluaiseacht na gCearta Sibhialta a bhí fócas na polaitíochta i gConamara agus i dTuaisceart Éireann. Na cearta bunúsacha sibhialta a bhí ag saoránaigh ar fud na Breataine ag an am, sin a bhí á lorg ag Caitlicigh na Sé Chontae. Vóta an duine do chách a bhí uathu in ionad córas cam

íocadh airgead cúitimh. Cú cosanta gan fiacla a bhí san SACHR, gan de chumhacht aige ach a bheith ag cur comhairle ar an Rialtas maidir le cearta daonna.

Ní haon iontas mar sin go raibh ceist na gcearta daonna ar bharr an liosta ag na páirtithe náisiúnacha le linn na gcainteanna a thug Aontas Aoine an Chéasta ar an saol tá breis

Coimisiún nuacheapaithe agus seanchóras an SACHR. "Cé gurbh é an Rialtas a bhunaigh sinn, tá muid ag feidhmiú go neamhspleách," a deir sé. "Tá freagracht orainn feidhmiú mar bhord comhairleach ag an Chomhthionól de réir na reachtaíochta a chuir an comhthionól nua ar bun. Beidh muid ag scrúdú gach reachtaíocht a dhréachtann an Tionól le cinntiú go mbeidh sí ag teacht leis an Choinbhinsiún Eorpach ar Chearta Daonna. Tá sé de chúram orainn fosta a bheith ag plé le grúpaí pobail, le daoine aonair agus le heolaithe dlí maidir leis an bhille úr cearta don Tuaisceart."

Murab ionann is drad maol an SACHR, deir Brice Dickson go mbeidh cáir fiacal ag an eagrais úr, sa dóigh is go gcuirfear a chuid moltaí reachtaíochta i bhfeidhm, moltaí a dhéanfas cosaint éifeachtach ar chearta daonna an phobail.

Léirigh an tOllamh le gairid go bhfuil sé sásta labhairt amach go neamhbhalbh, fiú nuair nach bhfeileann a dhearcadh don Rialtas. Nuair a dúnmharaíodh an dlíodóir Rosemary Nelson bhí Dickson ar dhuine de na chéad daoine a d'éiligh

'Ba léir don dall go raibh an stát ó thuaidh freagrach as sárú cearta daonna'

an *Gerrymander*, córas a d'fhág achán toghcheantar sa Tuaisceart faoi smacht ag tromlach comhairleoirí aontachtacha. Sin agus cothrom na Féinne i soláthar na dtithe agus cothrom na fostaíochta.

Deich mbliana fichead níos faide anonn níl gach rud ina cheart fós, cé go bhfuil daoine níos dóchasaí anois faoin todhchaí ná mar a bhí. I gcaitheamh bhlianta an chogaidh, is ar cheisteanna bunreachtúla a bhíodhas ag díriú seachas ar na cearta sibhialta.

Le linn na tréimhse dorcha sin, bhain Rialtas na Breataine úsáid as réimse leathan cleachtas a tháinig salach ar chearta daonna. Bhain siad úsáid as an chéasadh, as an lámh láidir, as dlíthe éigeandála chomh maith le marú, idir oifigiúil agus neamhoifigiúil. Cogadh salach a bhí ann agus sprioc amháin leis - an tIRA a chloí agus deireadh a chur lena bhfeachtas buamála agus maraíthe.

Agus iad ag iarraidh an sprioc sin a chur i gcrích, ba léir don dall go raibh an stát ó thuaidh freagrach as sárú cearta daonna. D'admhaigh na húdaráis féin gur mar sin a bhí - bliain i ndiaidh bliana, íocadh suimeanna móra airgid le daoine a céasadh sna beairicí agus ar an tsráid.

Achan bhliain foilsíodh tuairisc ón *Standing Advisory Committee on Human Rights*, an SACHR, eagrais a bhunaigh Rialtas na Breataine féin. Ach má foilsíodh féin, níor ciontaíodh ball ar bith de na fórsaí slándála as céasadh in aon cheann de na cásanna inar

agus bliain ó shin.

Chuir an tAontas sin dhá choimisiún nua ar bun a mbeidh antábhacht ag baint leo amach anseo, ó thaobh muinín an phobail a chur sna socrúithe nua polaitíochta ó thuaidh, má thagann ann dóibh. Ag plé leis an gcothromaíocht a bheas coimisiún amháin acu - cearta daonna a bheas faoi chúram an darna ceann. Is é an tOllamh Brice Dickson atá ceaptha le dul i mbun Choimisiún na gCearta Daonna agus tá fáilte curtha ag bunús na bpolaiteoirí ó thuaidh roimh a cheapúchán.

'Léirigh an tOllamh le gairid go bhfuil sé sásta labhairt amach go neamhbhalbh, fiú nuair nach bhfeileann a dhearcadh don Rialtas'

Léachtóir sinsearach dlí in Ollscoil Uladh é Brice Dickson, fear a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí an *Campaign for the Administration of Justice (CAJ)*. Tá mórthuairiscí cáinteacha foilsithe ag an CAJ, tuairiscí a scrúdaigh mí-úsáid na bpiléar plaisteach, mí-úsáid na ndlíthe éigeandála agus an cás is tromchúisí ar fad, an líomhaint go raibh polasaí *shoot to kill* á chur i bhfeidhm ag an Rialtas.

Ball gníomhach d'Amnesty International é Brice Dickson. Roimhe seo cheap Albert Reynolds é ina chomhairleoir ar an bhFóram don tSíocháin agus don Athmhuintreas. Tá sé ráite ag Dickson gur mór idir an

fiosrúchán a bheadh neamhspleách go hiomlán ar an RUC.

Tá an méid seo gan athrú ó 1969, agus má tá socrú síochánta le bheith ann, beidh ceisteanna cothroim agus cearta daonna ina mbunchlocha faoin socrú sin. Más féidir a chruthú go bhfuil an fearas úr dlí do na cearta daonna, beidh céim mhór amháin glactha, céim a bhéarfas muinín don phobal go bhfuil rudaí ag athrú ó bhonn anseo faoi dheireadh thiar thall.

Is é an t-údar atá ina Eagarthóir ar an North Belfast News - foilseachán de chuid an ghrúpa Nuachtáin.



PRINTÍSEACHTAÍ ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá Údarás na Gaeltachta ag tairiscint Scoláireachtaí Printiseachta d'iarrthóirí le cáilíocht mar cheardaí a bhaint amach.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith sé bliana déag d'aois ar a laghad agus na buncháilíochtaí seo a leanas a bheith acu:

- Teastas Grúpa, Meánteastas nó Teastas Sóisearach le 5 phas.

(I gcás Printiseachtaí áirithe, tá matamaitic riachtanach.)

Bheadh sé ina bhuntáiste freisin torthaí maithe a bheith ag iarrthóirí in ábhair phraicticiúla. Is féidir le hiarrthóirí pé ceird is mian leo a roghnú.

Is d'iarrthóirí Gaeltachta le Gaeilge líofa na scoláireachtaí seo.

Má tá spéis agat a bheith san iomaíocht do na scoláireachtaí seo, ba chóir duit d'ainm agus do sheoladh a líonadh sa spás thíos agus an duillín a sheoladh ar ais chuig:

An Rannóg Seirbhísí Oiliúna,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe

(Bloclitreacha)

roimh an 11/6/'99

AINM:

SEOLADH:

.....

.....

.....

DÁTA BREITHE:

Dícháileofar an té a dhéanann canbhásáil.

(Nóta: Táthar ag súil go mbeidh na hagallaimh ar siúl idir 28/6 - 30/7/99)

Cuirfear fáilte roimh iarrthóirí baineann agus fireann araon.

Cuirfear líon áirithe áiteanna sa chomórtas seo in áirithe do mhná.

Cuirfear fáilte chomh maith roimh iarratais ó dhaoine dífhostaithe atá ag iarraidh tosú ar ghairm nua.

NUACHTÁN DON TRÍÚ MÍLAOIS

Lá

www.nuacht.com

Glac síntiús le Lá

Costas:	Éire & an Bhreatain	SAM
Bliain amháin:	£45 ÉI £40	\$65
Sé mhí:	£25 ÉI £22	\$35
Trí mhí:	£13 ÉI £15	\$18

Is féidir íoc le visa ar
(01232) 501111

nó seic a chur chuig:

Síntiúisí

Lá

**301 Bóthar na Gleanna
Béal Feirste BT11 8BU**



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

Cúrsaí Gaeilge 1999

Gach Leibhéal


Daoine Fásta, Eachtrannaigh,
Mic Léinn Tríú Leibhéal,
Sainchúrsaí do Chomhlachtaí

Bróisiúr agus gach eolas ó:
Áras Mháirtín Uí Chadhain
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Fón : (091) 595101

Facs : (091) 595041

ríomhphost : arasuichadhain@tinet.ie



Litr as Meiriceá
Des Johnson

An Gad is Gaire don Scornach

AR THÓIR LÓISTÍN nua a bhí Anthony Porter. Bhí athruithe móra tagtha sa saol ón uair dheiridh a lorg sé áit chónaithe. Ach cén fáth go raibh fonn bóthair anois air, i ndiaidh seacht mbliana déag a chaitheamh sa seanlóistín aige is gan Euro rua cíosa a dhíol ar feadh an ama sin ar fad? De bhrí go raibh míbhuntáiste ag baint leis an seanlóistín. Ar feadh na seacht mbliana déag, ní raibh cead a chos aige: is ar *death-row* a bhí cónaí air. Ach dhá lá roimh lá na cinniúna, cuireadh marú Anthony Porter ar ceal. Cén fáth? Mar gheall ar iniúchadh a dhein meitheal mac léinn agus ollamh ar a chás: fuarthas eolas nua.

Dona go leor gur daoradh fear neamhchiontach chun báis, ach is measa mar a tharla an daoradh an chéad lá riamh. Drochobair ba chúis leis an éagóir agus anois tá seachtar dlíodóirí is póilíní ar a dtriail faoi chás Phorter a chur as a riocht.

Ní heisean an t-aon duine a scaoileadh saor ó *death-*



Susan Sarandon agus Sean Penn i *Dead Man Walking*

Tá coireanna trom-chúiseacha ar leith ann a thuilleann piónós an bháis faoi chóras dlí Mheiriceá ag an leibhéal fiodrálach. Ceann díobh an fuadach, mar shampla. Ag leibhéal an stáit, ar an taobh eile den

scéal, baintear úsáid as piónós an bháis i seacht gcinn agus tríocha de stáit an Aontais. Is minicí gur faoi na dlithe logánta seo a daortar

Hundreds sit long years on death row in the United States. New light thrown on a case may result in acquittal. How many of the innocent die? Are convictions race- or class-connected? Des Johnson visits dark waters.

row, áfach. Naonar is seasca a saoradh idir 1973 is 1997. Is deacair figiúr cruinn a chur ar líon na ndaoine neamhchiontacha a bheadh fós beo murach an daoradh éagórach.

Ó 1930 go 1996, cuireadh 4,217 daoine chun báis ar fud na Stát. Bhí sos beag ann sna 70í. I 1972 chinn an Chúirt Uachtarach gur rud míbhunreachtúil a bhí sa bpiónós. Ach i 1976 chuathas siar ar an gcinneadh sin. Ó shin i leith, cuireadh 358 duine chun báis, agus faoi dheireadh na bliana 1996, bhí 3,219 príosúnach ar rae an bháis.

Sa bhliain 1996, is i gCalifornia a bhí an líon ab airde príosúnach a bhí daortha chun báis (454), ach is i dTexas a cuireadh an líon is mó chun báis ó 1930 i leith (404). Tá tionchar ag an daonra mór atá sa dá stát sin ar na figiúirí seo, ach is léiriú chomh maith iad na figiúirí ar dhearcadh na bpobal áitiúla is a gcuid polaitheoirí ar an gceist.

dúnmharfóirí is a leithéid, ná mar a déantar faoin gcóras náisiúnta dlí.

Pé dlithe atá i bhfeidhm in aon stát ar leith, ní beag an tionchar a bhíonn ag an ghobharnóir ar gach cás. Nuair a bhí Mario Cuomo, Daonlathach, ina ghobharnóir i Nua Eabhrac, dhiúltaigh sé ar feadh achar dhá bhliain déag bille a shíniú le piónós an bháis a thioncnamh anseo. Ach nuair a chuir George Pataki, Poblachtánach, ina aghaidh, gheall seisean gurb é piónós an bháis an chéad bhillle a shíneodh sé is é ina shuí in oifig an Ghobharnóra. Toghadh Pataki go héasca, is rinne sé beart de réir a bhriathair.

Ar an taobh eile den scéal, nuair a bhí Ann Richards, Daonlathach, ina ghobharnóir ar Texas, chuir sise níos mó daoine chun báis lena linn ná mar a dhaor

gobharnóirí uile na Stát le chéile i gcaitheamh an ama chéanna.

Dís gan dealramh a bhí ar feadh i bhfad sa dá fhocal sin *Southern Democrat*. Coimeádaigh go smior ab ea a lán Daonlathach den chine geal ó dheas.

Ar an meán, bíonn feitheamh aon bhliain déag ar rae an bháis ar an té atá daortha, toisc go ndéantar achomarc go han-mhinic.

Maider le modh an bháis fhéin, instealladh nimheanta an modh is coitianta anois le daoine a mharú go hoifigiúil, ach tá an chathaoir leictreach in úsáid go forleathan freisin. Tá seomra gáis ag cuid de na stáit go fóill, agus i gceithre cinn díobh, tig leat an chroch a roghnú. Amuigh in Utah, tig leat an *firing squad* a roghnú freisin.

Is seandíospóireacht é an t-aighneas idir lucht tacaíochta phíonós an bháis agus iadsan a chuireann ina aghaidh. Glacann go leor den lucht tacaíochta nach féidir leis an píonós stop a chur leis an dúnmharú. Deis díoltais atá ann go príomha, dar leo. 'Súil in aghaidh súile'. Agus má chuirtear duine neamhchiontach chun báis, bhuel sin agat *the price of justice*.

Ar an meán, bíonn feitheamh aon bhliain déag ar rae an bháis ar an té atá daortha, toisc go ndéantar achomarc go han-mhinic. Srian a chur leis an achomarc, sin é an gad is gaire don scornach ag an eite dheis le tamall anuas.

Is léir gur daoine bochta is mó a daoradh chun báis le blianta anuas.

Sin toisc nach raibh deis acu íoc as aturnaetha maithe. Is ionann sin is a rá go bhfuil claonadh an chiníochais ar an dlí in áiteanna ar leith.

Duine eile a bhfuil an-údarás aige ná an t-aighne. Tá duine díobh seo ag feidhmiú i ngach aon chontae de gach aon stát. I ngach aon triail a bhaineann le cion an dúnmharaithe, is é an t-aighne áitiúil a roghnaíonn an píonós a n-iarraidh sé ar an ngiúiré.

Tá aighne áitiúil anseo sa Bhronx, mar shampla, a bhfuil an-chlaonadh ann in aghaidh píonós an bháis. Cheana féin, bhí clampar idir é féin, an gobharnóir agus maor na cathrach, toisc nach raibh sé toilteanach an bás a cheadú. Seans gurb é seo an seans is fearr ag pobal áitiúil cur in aghaidh dhúnmharú oifigiúil an stáit - trí aighnithe frithbháis a thoghadh. Feicfear amach anseo an dtitfidh a leithéid amach. Ach má tharlaíonn féin, ní móide go dtiocfaidh athrú mór ar chúrsaí, mar níl formhór an phobail ag iarraidh deireadh a chur leis an bpíonós seo.

Is é bun agus barr an scéil nach nglactar leis go coitianta i Meiriceá gur uirlisí barbartha iad an piléar, an tsnáthaid, an tsreang nó an rópa le dlí an náisiúin a chur i bhfeidhm.

MUMIA ABU-JAMAL

Thousands protested recently against the death sentence passed in Philadelphia on radical black journalist Mumia Abu-Jamal. Perjury, fabrication, intimidation: did white American justice pull out the stops to nail a man who spoke too much?

Anton Mac Caba

DÉ SATHAIRN AN 24 AIBREÁIN, shiúil idir 25,000 agus 30,000 daoine trí Philadelphia. Bhí éileamh acu: gan an t-iriseoir gorm Mumia Abu-Jamal a chur chun báis. Tháinig daoine ó chian 's ó chóngar: dream as Texas a chaith dhá lá ar bhus; trí scór acu ón bhFrainc, dornán ón nGearmáin. An Subcommandante Marcos, ceannaire na Zapatista, chuir sé teachtaireacht tacaíochta.

Bhí na dugairí ar chósta thiar Mheiriceá ar stailc don lá, agus shiúil idir 15,000 agus 20,000 sráideanna San Francisco. Chuaigh 100,000 múinteoirí ar stailc tacaíochta sa Bhrasail. Aithníonn *Amnesty International* gur príosúnach polaitiúil é Mumia. Tugann Nelson Mandela agus Parlaimint na hEorpa tacaíocht dhó.

Tá Mumia 45 bliana d'aois. B'iriseoir clúiteach i Philadelphia é. Bronnadh gradaim air as tuairiscí a rinne sé ar mhí-iompar na bpéas, leatrom ar dhaoine gorma, agus cúrsaí oideachais agus tithíochta.

Bhí sé ina *Black Panther* ó bhí sé 15 bliain d'aois, é ina 'aire eolais' ag craobh Philadelphia. B'eagraíocht réabhlóideach ghorm í seo, agus bhris an rialtas í sna seachtóidí. Bhí an FBI ag spaireacht ar Mumia Abu-Jamal ó bhí sé sé déag.

Ciontaíodh é as Daniel Faulkner, póilín, a mharú an 9ú Nollag 1981. Bhí sé ag tiomáint tacsai faoi seo, chomh maith le bheith ina shaor-iriseoir raidiceach. Bhí sé crua air obair rialta a fháil. Fuarthas é, gortaithe go dona, é ina shuí ceithre troigh ón áit mar a raibh an póilín marbh, gunnán folamh ar an talamh lámh leis.

Ag tiomáint a bhí sé, nuair a tháinig sé ar phéas geal bhí ag bualadh dearthára leis, Wesley. Níor dearnadh scrúdú le deimhniú ar as gunnán Mumia a tháinig na piléir a mharaigh an póilín, ná trialacha ar a lámha feiceáil an raibh rian púdair orthu.

Deir an péas gur lig sé scairt as agus é gortaithe san ospidéal: "I shot the motherfucker, and I hope the motherfucker dies". Cé go raibh 15 péas i láthair ag an am, tasc ná tuairisc ar an ráiteas seo ní raibh go cionn dhá mhí i ndiaidh na heachtra.

An triúr finné a bhí ina éadán, bhí greim ag an phéas orthu, iad i dtrioblóid leis an dlí, agus d'athraigh siad a gcuid fianaise go mór. Tá cúigear finné a deir go bhfaca siad duine eile ag imeacht de rith ón láthair.

Ní raibh ach beirt den chine gorm ar an ghiúiré, i gcathair ar den chine gorm 40% den phobal. An dlíodóir a bhí ag Mumia, níor thug an stát go leor airgid dó. D'éirigh idir é agus Mumia, tharraing sé amach as an chás, agus ní dhearna an obair ba ghá. Ach d'ordaigh an breitheamh dó fanacht leis. Diúltaíodh cead do Mumia é féin a chosaint. An breitheamh, Albert Sabo, tá níos mó daortha chun báis aige ná breitheamh ar bith eile i Meiriceá: beirt agus tríocha, gan ach beirt ina ndaoine geala, seachtar is fiche gorm.

Is é Mumia Abu Jamal an príosúnach is mó go bhfuil aithne i Meiriceá air. Is siomból é d'achan cime atá ag fanacht ar an bhás. An bhfuil an bás tuillte aige?





TnaG Meitheamh

CLÁRACHA FAISNÉISE

Seoda Éireann

Dé Céadaoin ar 8.30 p.m.
ón 5 Bealtaine

Comhlucht Léirithe: Gaelmedla
Stiúrthóir: Máire ní Chonláin

SRAITH CLÁR ina ndéantar ceiliúradh ar oidhreacht agus ar áilleacht na hÉireann á cur i láthair ag Noelle Ní Ghallichóir agus Liam Ó Murchú.

8 Meitheamh: Tá gradam na mBailte Slachtmhara buaite ag Ard Achaidh i gContae an Longfoirt agus is iomaí áilleacht eile sa gcomharsanacht chéanna.

15 Meitheamh: Cois Bóinne, Cois Life. Bualite leis an dá abhainn atá cuid de na hárais is deise agus is stairiúla ar an oileán, leithéidí Bhrú na Bóinne agus Bhanc na hÉireann.

29 Meitheamh: Ceantar na loch i lár tíre is ábhar don eagrán seo ina bhfuil larsmalann an Ghorta Mhóir i mBéal na mBuillí agus Mainistir Shruthla.

An Muircheartach i Malawi


2 Meitheamh 10.00 p.m.

Comhlacht Léirithe: Nuacht TnaG
Léiritheoir: Trevor Ó Clochartaigh

"An té a bhíonn siúlach, bíonn sé scéalach".

Is cinnte gur amhlaidh don fhear a bhfuil eolas maith ag lucht leanta cluichí Gaelacha air. Tugann turas seo Mhichíl Uí Mhuircheartaigh go Malawi, ag bailiú airgid don eagraíocht charthanachta SELFHELP, léargas grinn pearsanta dúinn ar an bhfear féin chomh maith leis an áit.

Iasacht agus Dúch



GLEANN CEO; Déardaoin 9.25 p.m.

Grace

**2 agus 9 Meitheamh
10:30 p.m.**

Comhlacht Léirithe: Nuacht TnaG
Eagarthóir: Michael Lally

Clár faisnéise ina dhá chuid á chur i láthair ag Gráinne Seoige.

Féachann an clár ar chlann ríoga Mhonacó, muintir Ghrimaldi, agus ar shaol an Bhanphrionsa Grace.

Dírtear ar a tréimhse i Hollywood agus ar an gcaoi ar deineadh banphrionsa di ach nochtaítear an taobh eile den scéal – an trioblóid a bhí sa phósadh, ráflaí a bhain léi agus an bás tragóideach a fuair sí go hóg.

Scrúdaítear cás an teaghlaigh anois, an trioblóid a bhíonn acu le lucht an phreas, aimhleas na leanaí agus mallacht Ghrimaldi.

Cé leis an tuath?

16 agus 23 Meitheamh 10.00 p.m.

Comhlacht Léirithe: Westward
Léiritheoir: Eithne Viney

Scrúdaíonn an tsraith dhoiciméadach toipiciúil seo áiteanna fiáine áille, an gá atá lena gcaomhnú agus an méid atá ag bagairt orthu.

Airítear ar na nithe sin modhanna nua feirmeoireachta, uirbeachas agus an fonn atá ar lucht cathrach cuairt a thabhairt ar stráicí fada talún de shiúl na gcos. Téann John Feehan go dtí an Bhoirinn i gCo. an Chláir áit a bhfuil coimhlint idir na riachtanais chaomhnaithe agus iarracht deis a thabhairt do dhaoine teacht chun na háite. Cloistear tuairimí Tim Robinson, údar, Áine Uí Dhubhshláine ón Taisce, Mark de Faoite as Foras na Mara agus Catherine O'Connell ó Chumann Caomhnaithe na bPortach sna cláir spreagúla seo freisin.

Eoin Pól II

23 Meitheamh 10.30 p.m.

Comhlacht Léirithe: ITEL
Léiritheoirí: E. Mellis, F. De Crescenzo,

V. S. Boeye

Is clár é seo faoi shaol an Phápa Eoin Pól II, an chéad duine, nach lodálach é, a toghadh ina Phápa ó 1522.

Rugadh Karol Wojtyla in aice le Krakow na Polainne sa bhliain 1920.

Coinscríofach a bhí ann ag na Gearmánaigh le linn an dara cogadh domhanda.

Bhí sé ag staidéar go mídhleathach chun a bheith ina shagart ag an am céanna. Bhí sé ina Chairdinéil faoin mbliain 1967.

Is iomaí eachtra a bhain le tréimhse Eoin Pól ina Phápa. Lámhachadh agus gortaíodh é sa bhliain 1981.

Cháin sé déantóirí arm, throid sé i gcoinne an chaipitilchais agus i gcoinne líobarálú an chreidimh. Chaitlicigh – go háirithe na ceisteanna conspóideacha a bhaineann le frithghiniúint shaorga agus sagairt ban.

as ar TnaG



EOIN PÓL II; 23 Meitheamh 10.20 p.m.

smuglálaithe ar an oileán. Tá Freddie freisin ann - seanmhada de chuid na bpóilíní - agus Ulla, an runaí álainn sa bheairic. Ar na daoine eile a thagann isteach sa scéal tá Eivind, tiománaí heaiceirí nach dtéann mórán i ngan fhios dó, an ministéir Dorte a tharraingíonn achrann agus a fear Keld, a bhfuil an-suim sna héin aige. Scéal iomlán ann féin is ea gach clár.

Baintear úsáid as carr na nGardaí mar teacsaí, an stáisiún mar bhrú agus clós an stáisiún mar fheirm bheag. Tá siad ag glacadh an tsaoil go réidh go dtagann Ceannfort úr chun na háite, fear ar casadh Joe air cheana féin. Sa chead chlár buailéann an Ceannfort isteach sa stáisiún gan choinne. Sin é an uair a thosaíonn rudaí ag dul in aimhréidh. Caoirigh ag tarraingt trioblóide! Siúlóirí ag cuardach dídine agus daoine ag titim i laige!

DRAÍOCHT AR TNAG

Cleas nó Draíocht?

Dé hAoine 8.25 p.m.

Comhlacht Léirithe: Telegael
Léiritheoir: Bríd Seolige

An clár faisnéise is conspóidí a rinneadh riamh ar chleasa na bhfear draíochta agus ar an gcluanáiocht a bhaineann leo. Insítear sa tsraith an chaoi a ndéantar cleasa draíochta ar an stáitse. Leagan speisialta i nGaeilge á chur i láthair ag Pádraic Breathnach as Macnas.

18 Meitheamh: Scaoilfidh an Draíodóir Dubh a rún libh faoin gcaoi a gcuirtear saighead trí bhean gan í a mharú, cleas an Bhean Iarainn agus conas leac oighir a dhéanamh as uisce taobh istigh de soicind!

25 Meitheamh: Feicfead an fhírinne faoi cheann de na cleasa is cáiliúla le Houdini nuair a scaoilfidh an Draíodóir Dubh an rún leis an domhan. Feicfidh muid na Draíodóirí stáitse ag caitheamh sceana le mná agus tuilleadh!

SRAITH BLEACHTAIREACHTA

Island Cop

Dé Domhnaigh 10.20 p.m.

Comhlacht Léirithe: TV Denmark
Léiritheoir: Per Holst

Sraith spéisiúil nuálach faoi bhleachtair. Tarraingíonn an bleachtair cruu cathrach, Christian Torp, isteach ag stáisiún peitрил le linn don áit a bheith á robáil. In aghaidh comhairle a mhná,

cuireann sé a ladar sa scéal cé nach bhfuil sé ar duaigas. Sa sliúchas a tharlaíonn, maraítear an bhean os a chomhair féin agus a iníne. Tugann an tubaiste níos gaire dá chéile iad ach cuireann sé an saol trína chéile.

Go gairid ina dhiaidh sin aistrítear Christian Torp go dtí oileán a cheapann sé a bheith níos suaimhní ná an chathair. Ach is ionann Samso agus an chuid eile den domhan. Tá péidigh, dúnmharfóirí, robálaithe banc agus

CLÁR GRINN

Gleann Ceo

Déardaoin 9.25 p.m.

Comhlacht Léirithe: Cúil an Tigh Teo
Léiritheoir: Teresa Ní Fhionghaile

Sraith cúig chlár. Lonnaithe i mbaile beag i measc sléibhte Thír Chonaill tá an scéal bunaithe ar an Sáirsint Joe O'Donnail agus a chara Paidí atá ag reachtáil gnó dá gcuid féin i Stáisiún na nGardaí.

An Toghc

Níor vótáil ach 44% de na votóirí i dtoghchán na hEorpa i 1994, ach de bharr na scannal a bhain stangadh as an tír i mbliana, agus cúrsaí míleata i mbéal an phobail, seans go mbeidh fonn ar an bpobal iad féin a chur i dtoghchán na hEorpa ar an 11ú den mhí seo. Seo cíoradh ar an bhfeachtas le Máirín Ní Ghadhra.



Feisirí na hEorpa: saol an Mhada Bháin — nó saol an Mhada Rua?

TÁ TUAIRIM ANN nach bhfuil mórán cumhachta ag Pairlimint na hEorpa ach gur campa saoire atá ann do pholaiteoirí leisciúla a dteastaíonn seiceanna móra costaisí uathu. Saol an mhada bháin. Ar an taobh eile den scéal, deir na polaiteoirí gurbh iad na meáin is cúis leis an tuairim seo, agus gur tuairim bhréagach í. Cuimhnímis gur minic ár gcuid feisirí dhil ina suí ag a cúig ar maidin, eitilt rompu thar tír amach, agus cruinnithe go meánoíche... Saol an mhada rua, b'fhéidir. Seo spleáchadh ar chúrsaí 's ar struchtúr na Pairliminte.

Cumhachtaí na Pairliminte

Tá oiread chéanna cumhachtaí ag Pairlimint na hEorpa agus atá ag go leor pairlimintí náisiúnta:

- glacadh le buiséad an Aontais Eorpaigh (£68 billiún)
- maoirsiú a dhéanamh ar an mbealach a gcaitear an buiséad sin.
- comh-chinneadh a dhéanamh faoi reachtaíocht in éineacht le Comhairle na hEorpa.
- tacú agus glacadh leis an gCoimisiún (nó go deimhin an coimisiún a chur as oifig)
- tacú le hiarrataisí ó thíortha a dteastaíonn uathu bheith ina mbaill den Aontas.
- glacadh le conarthaí idirnáisiúnta a mbíonn baint ag an Aontas Eorpach leo
- fear pobail na hEorpa a cheapadh.
- éisteacht le aighneachtaí ó shaoránaigh.

Grúpaí Polaitiúla

Tá ocht gcinn de ghrúpaí polaitiúla i bPairlimint na hEorpa - an **Grúpa Sóisialach** (a bhfuil Páirtí an Lucht Oíbe ann), an **Grúpa Daonlathach Críostaí** (Fine Gael), **Grúpa Aontais na hEorpa** (Fianna Fáil), an **Grúpa Liobarálacha Daonlathach** (a bhfuil Pat Cox MEP ina Uachtarán air agus ceangal ag an bPáirtí Daonlathach leis), **Aontas Sóisialach na hEorpa**, an **Grúpa Glas** (Comhaontas Glas na hÉireann), **Comhghuaillíocht Raidiceach na hEorpa** agus **Eoraip na Náisiúin**.

Teastaíonn fiche naoi feisire Eorpach le go mbunófar grúpa polaitiúil, fiche trí má thagann siad ó dhá bhall stát, ochtar feisirí déag má thagann siad ó thrí bhall stát agus ceathrar feisirí déag má bhíonn níos mó ná ceithre bhallstát i gceist.

IDIR AN 10ú agus 13ú lá de mhí Mheithimh, tabharfaidh pobal an Aontais Eorpaigh cuairt ar na bothanna vótála le 626 feisire Pairliminte Eorpach a thoghadh. Anseo in Éirinn toghfar cúig fheisire déag. Seo é an cúigiú uair i stair an Aontais atá toghchán na Parlaiminte á reachtáil, agus beidh cead vótála ag suas le 372 milliún duine.

Tabharfaidh an toghchán seo léargas ar thacaíocht na ndaoine do chomhrialtas Fhianna Fáil agus na PDs agus iad i gceannas na tíre le beagnach dhá bhliain. Níl aon iarrthóir ag na PDs sa toghchán seo, ach cén breithiúnas a thabharfar ar Fhianna Fáil faoi na binsí fiosraithe, cás Sheedy agus slí bheatha Chathail Uí Eochaidh?

Ní bhíonn aon

chinnteacht i bhfeachtas toghchánaíochta, ach is féidir a bheith ionann is cinnte faoin méid seo a leanas: coinneoidh Fianna Fáil ceithre chinn dá gcuid suíochán; coinneoidh Fine Gael a gcuid suíochán ar fad; beidh feisire neamhspleách amháin agus ball amháin den Chomhaontas Glas in aerfoirt Strasbourg agus na Bruiséile go mion minic as seo go ceann cúig bhliana.

Euro sa Sparán

FAOIN AM SIN, chomh maith leis an gcara sa gcúirt, ba chóir go mbeadh an Euro sa sparán againn. Ní go rómhaith atá ag eirí leis an Euro faoi láthair ar na margaí idirnáisiúnta, rud a chuirfidh inní ar institiúidí na hEorpa: bhí mímhúinín sa



An mbeidh arm idiristáach ag Aontas na hEorpa amach anseo faoi mar a chreid-eann Romano Prodi, uachtarán an Aontais?

An Toghchán Te

Thug na h-Éireann an t-éileamh seo arís le h-éileamh na h-Éireann. Casfaidh an roth, ach cé leis a mbeidh an lá? Seo tuar agus tuairisc ó Ghaeltachtaí na tíre le Seán Ó Tuairisc, Dónall Mac Ghiolla Chóil, Áine Ní Chiaráin agus Roibeárd Ó hEartnáin.

Dún na nGall

Bóithre, Bruscar agus tithíocht is mó atá i mbéal an phobail dar le **Dónall Mac Giolla Chóil**

DHÁ IARRTHÓIR DÉAG atá istigh ar sé shuíochán i nDún na nGall. Ainneoin gur tairseoidh páigh iomarcaíochta dóibh siúd a dhéanann freastal ar an phobal, *plus ça change* a déarfadh duine leis an toghcheantar seo....

As an dáréag sin atá ag dul chun tosaigh, tá seisear ina gcomhairleoirí cheana: Máirín Ní Dhubhchoinn (FG), Cathal Ó Beannáid (FG), Pádraigh Ó Ceallaigh (FF Neamhspleách), Feargal Ó Colla (Neamhspleách), Prionslas Ó Breannáin (FF) agus Séamus Mac Ruairidh (Lucht Oibre). Chomh maith leis sin, tá beirt ina mbaill d'Oireachtas Éireann: Tómas Mac Giolla Dé (NS) agus An Seanadóir Éanna Ó Cnaimhsí (FF).

Ar na hiarrthóirí eile, tá Uinsion Ó Breasláin (FF) as an Bhun Bheag, iarrthóir nua, mac leis an iar-theachta agus Ceann Comhairle Cormac Ó Breisleáin nach maireann, agus Dáithí Alcorn (FF), ball d'Údarás na Gaeltachta. Iar-bhall d'Údarás na Gaeltachta é Pádraig Ó Dochartaigh (FG), agus tá Seán Ó Múirí as na Rosa ar an d'Fhine Gael chomh maith.

Tá soiniciúlacht le mothú ar mheon na vótóirí sa toghcheantar seo, rud nach raibh ann ocht mbliana ó shin. Is iad ceisteanna na mbóithre agus an drochbhail atá orthu, chomh maith le fádhb bhailiú an bhrúscáir (féach *Eadrainn* lth 7), agus costas tithíochta is mó atá i mbéal an phobail anseo.

Tá páirc imeartha an-mhór ann, agus pearsantachtaí san iomaíocht ar chóir don cháil atá orthu a leas a dhéanamh: Tomás Mac Giolla Dé mar shampla, agus Éanna Ó Cnaimhsí. Meastar go forleathan nach ndearna Mac Giolla Dé an oiread agus a thiocfadh leis don chontae, agus dar le daoine go mbeidh sé deacair aige a shuíochán Déala a choimeád an chéad uair eile.

Maidir leis an Seanadóir Ó Cnaimhsí, tuigtear go bhfuil post aige cheana i Seanad Éireann agus meastar nach bhfuil sa toghchán áitiúil ach seift lena chúl a chur in airde don chéad dhíthoghchán eile. Níor éirigh rómhaith leis an uair dheiridh, agus níl an chosúlacht air go n-éireoidh leis níos fearr an uair seo ag an leibhéal áitiúil.

Is dóileigh a thuair san am i láthair cad é mar a bheidh na páirtithe i seomra na Comhairle i ndiaidh an 11ú Meitheamh. Chonacthas pobal Dhún na nGall Thiar Theas ag lompú ar a sáil cheana i gcoinne Fhianna Fáil. Ní thig le haon duine a rá go bhfuil a leibhéal de rud ann agus suíochán sábháite.

Conamara

Cúrsaí pleanála agus tithíochta a shocrós cé a gheobhas seacht suíochán Chonamara, dar le **Seán Ó Tuairisc**



IS IOMAÍ ATHRÚ ar Éirinn ó thoghcháin áitiúla 1991 i leith. Agus seachas áit ar bith sa tír, tá Gaillimh, idir chathair agus chontae, ar bharr an liosta. Tá an chathair ag cur thar maol, agus bruachbhailte nua ina gciocail iomlán timpeall uirthi.

Obaire, óstáin, tithe, turasóireacht, abair leat, tá an brú brú ann romhat. Brú de gach aon saghas, ach go háirithe tithíocht, bóithre agus trácht, uisce, séarachas, agus seirbhísí den uile chineál.

Tá athrú eile ann freisin: tá an ceantar toghchánaíochta meadaithe go mór, agus tá seacht suíochán ann anois. Ag síneadh ó Dhúthaigh Sheoigheach go hUachtar Ard, Magh Cuilinn, isteach go himeall na cathrach agus oileáin Árann san áireamh.

De bharr an fhoráis pholaitíochta agus tithíochta, agus an borradh eacnamaíochta i gcoitinne, tá easpa mór tithíochta sa reigiún seo. Caithfear freastal ar an éileamh seo trí chóras stuama pleanála, agus caithfear córas ceart séarachais agus uisce a chur ar fáil. Sin iad na príomh-éilimh atá ag an bpobal ar an scata mor iarrthóirí atá san iomaíocht do na seacht suíochán.

Seo iad na hiarrthóirí a bhí ainmnithe i gceantar Chonamara agus Cúisle á chur i gcló: Fine Gael: Pól Ó Foighil, Éamonn Ó Méalóid, Paul Stewart agus JJ Mannion. Fianna Fáil: Seán Ó Neachtain, Connie Ní Fhátharta, Seosamh Ó Conghaile, Eithne Mhic Dhonncha agus Piaras Ó Máille. Neamhspleách: Séamas Ó Gábháin, Séamas Breathnach, Éamonn Mac Lochlainn, Tom Welby. Agus SF Poblachtach: Tomás Ó Curraoin.

Cé na hiarrthóirí a bhuafas? Is deacair a thuair. Ceann de dhá rud a bheas ann is dóigh: FF 3 suíochán, FG 2, Neamhspleách 2. É sin, nó, dá mbeadh an t-ádh dearg le Fianna Fáil: FF 4, FG 2, NS 1.

D'Fhianna Fáil, tá Seán Ó Neachtain agus Connie Ní Fhátharta an-tsábháilte. D'Fhine Gael, tá Pól Ó Foighil agus JJ Mannion ceart go leor.

Tá Séamas Ó Gábháin, capall oibre, i gcaoi mhaith, agus fágann sin an péire eile idir Piaras Ó Máille, Tom Welby agus Seosamh Ó Conghaile. Ach is fiú aird ar leith a thabhairt ar Eithne Mhic Dhonncha, Cill Chiaráin.

Tá an-réimse ag Seán Ó Neachtain, ón Spidéal soir go dtí Na Forbacha, Bearna, agus ó Mhagh Cuilinn isteach go Gaillimh. Is é an dála céanna é ag Pól Ó Foighil. Tá dún daingean ag Connie Ní Fhátharta, a fód dúchais: An Cheathrú Rua, Ros an Mhíl, agus Na hOileáin. J.J. Ó Mainnín: an t-ainm, An Clochán agus siar ó thuaidh. Ó Gábháin: fáidh ina dhóiche féin, Gaeilge agus Béarla aige.

Is iad na trí cinn deireanacha a tharraingeos raic idir na páirtithe agus go deimhin taobh istigh de na páirtithe. Tá aithne ar Tom Welby, ach tá géarchholmhlint ann dó san Uachtar Ard agus i mBaile Uí Chonaola. Fós féin, is fiú a lua go raibh suíochán ag Micheál Ó Mórán, Carna, ar feadh na mblianta.

An féidir a thuair go bhfanfaidh suíochán seo Chill Chiaráin ag Eithne Mhic Dhonncha le deontas breá profúil ó mhuintir *Chumhacht*? Agus ná cuirimis Seosamh Ó Conghaile as an áireamh.

† EITHNE NÍ UALLACHÁIN †

Ba thrua linn a chlos gur éag an
amhránaí Eithne Ní Uallacháin ar an
18ú Bealtaine i nGleann na bhFiach,

Dún Dealgan.

Bhain a himeacht stangadh as aos
ceoil na tíre.

Chuir Eithne comaoín mhór ar
amhránaíocht na Gaeilge lena linn,
agus ar amhráin Oirialla go mórmór.

Fad arbh ann di, ba nasc a cuid
seanma le seanfhilí na seachtú agus
na hochtú aoise déag.

Déanann muid comhbhrón ó chroí
lena muintir ar fad, lena clann, lena
fear céile, agus lena cuid cairde.

Go dtuga Dia solas na bhflaitheas dá
hanam ceolmhar.

Séala na hEorpa as Nuálacht i dTeagasc agus i bhFoghlaim Teangacha



Tá sé fógraithe ag Comisiún na hEorpa go bhfuil Séala
Eorpach curtha ar fáil acu chun aitheantas agus
tacaíocht a thabhairt do thograí cruthaitheacha i
dteagasc agus i bhfoghlaim teangacha. Is féidir an séala
a bhronnadh gach bliain ar líon teoranta tograí i gach
ballstát den AE. Cuireadh Togra Píolótach ar bun in
Éirinn i bhFómhar 1998.

Tabharfar aitheantas ar bhealaí eile do na hiarratais a n-
éiríonn leo duaiseanna, airgid san áireamh, suas le £500
in aghaidh gach togra a mbronntar an séala air.

Tá iarratais á lorg anois as gach cuid agus as gach
leibhéal den chóras oideachais agus oiliúna.
Breathnófar ar thograí i dteangach uile an AE agus
cuirfear fáilte ar leith roimh iarratais thar cheann na
dteangacha neamhfhorleathana.

Foirmeacha iarratais agus tuilleamh eolais ó:



Séala na hEorpa,
ITÉ
31 Plás Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
Fón 01-6765489
Facs 01-6610004

Dáta deirídh le haghaidh iarratais:
De Luain an 1 Deireadh Fómhair 1999

CUISLE

SLADMHARGADH! TRÍ EAGRÁN IN AISCE!

Cuirfidh muid trí eagrán de *Cuisle* chugat saor in aisce, má ghlacann tú síntiús bliana linn. Is é sin le rá, má
chuireann tú do íocaíocht chugainn in am don chéad eagrán eile, gheobhaidh tú gach eagrán den iris go
ceann bliana agus ráithe le cois. Ní gá ach an fhoirm thíos a líonadh agus a chur sa phost le do sheic.

Ainm / name Sloinne / surname

Seoladh / address

.....

.....

Teil / tel Ríomhphost / email

Síniú / signature Dáta / date

RÁTAÍ (postas san áireamh): Éire agus an Bhreatain £25
Mór-Roinn na hEorpa 40 euro* • An chuid eile den domhan US \$80*

*nó a chomhionann in airgead áitiúil



Peadar agus an Mac Tíre sa mBlack Box i nGaillimh



Thuas: cuid de pháistí Ros Muc

Thíos: an slua ag éisteacht leis an gceol

griangraif: balar

Gaeilge agus Béarla

"Ba mhaith liom Béarla a bheith ag mo chlann féin chomh maith le Gaeilge." Is minic a chloistear an chaint sin sa nGaeltacht. Smaoiníonn daoine ar an gcruatan a bhí ar a muintir féin fadó. Daoine a chuaigh go Meiriceá agus go Sasana agus gan acu ach cúpla focal Béarla. Níor mhaith le daoine go dtarlódh an rud céanna dá gelann féin.

Dar ndóigh, tá lá an bháid bháin thart, agus ní bheidh call do pháistí an lae inniu a dhul go Sasana ná go Meiriceá, munar mian leo é. Má bhíonn Gaeilge ag duine óg sa lá atá inniu ann, bí cinnte go mbeidh obair ann dó sa mbaile amach anseo.

Tá forbairt ag teacht ar chúrsaí fostaíochta sa nGaeltacht, agus teastaíonn Gaeilgeoirí óga le hobair i dtionscail na Gaeltachta. Is buntáiste an-mhór é scríobh na Gaeilge le hobair oifige agus riaracháin a fháil, nó le tuairiscí a scríobh dá mbeadh duine ag obair leis an raidió nó leis an teilifís.

Fós féin, tá daoine ann a shocraíonn gan Gaeilge ar bith a labhairt leis na gasúir. Tá an baol ann sa gcás seo go bhfágfaidh siad na páistí gan cheachtar den dá rud, Béarla ná Gaeilge, ach 'I put the bó in the cró and the sceach in the bearna'.

Suimíúil go leor, deir cuid de na múinteoirí gur fearr an Béarla a bhíonn ag páistí Gaeltachta nach labhraíonn ach Gaeilge sa mbaile. Deir siad freisin gur fearr a chruthaíonn siad sna scrúduithe.

Má labhraíonn tú Béarla agus Gaeilge sa mbaile, tá seans ann go rachaidh do pháiste leis an teanga is láidre. Beidh tuiscint aige ar an nGaeilge, ach ní hionann tuiscint agus labhairt. Braitheann rogha an pháiste ar an teanga a chloiseann sé agus é an-óg. Síltear nach dtosaíonn an páiste ag foghlaim na cainte ach nuair a fhosaíonn sé féin ag caint. Ach faoin am sin tá an teanga suite aige.

Níl fáth ar bith nach mbeadh Béarla agus Gaeilge ar a dtoil ag páistí na linne seo. Agus ní féidir go mbeadh an t-aos óg gan Bhéarla agus an chaoi a bhfuil an saol. Tá buntáistí acu nach raibh ann in aimsir an bháid bháin, agus tá deiseanna ann dóibh nach raibh ann ar chor ar bith sa tseanaimsir. Níl uathu ach an deis a thapú.

Spéaclóirí Rua

Lá breá a bhí ann i mBaile Mór. Bhí an bainne te ólta agus na fiacra nite ag Rua agus ag Nua.

'Ar mhaith libh dul ar phicnic inniu?' arsa Máirín.

Bhí Rua ag cuartú a chuid spéaclóirí.

'Táimse ag iarraidh an crosfhocal a dhéanamh,' ar sé.

'Ach níor cheannaigh tú an páipéar fós,' arsa Nua.

'D'fhéadfá an páipéar a thabhairt leat ar an bpicnic,' arsa Máirín.

Rinne Rua moill.

'Ach meastú an bhfuil báisteach air?' ar sé.

'Níl muis,' arsa Nua, 'nach bhfuil an ghrian ag spalpadh!'

'Tá lá breá geallta,' arsa Máirín.

Lig Rua osna.

'Maith go leor,' ar sé, 'cá rachaidh muid?'

'Chuig an tseanscoil,' arsa Nua, 'tá go leor seanbhoscaí ansin agus rudaí agus ní fheicfidh duine ar bith muid.'

Rinne Rua gáirí na seanleon mantach.

'B'fhéarr dul chuig an loch agus féadfaidh muid na lachain a bheathú,' ar sé.

'Ní maith liomsa an t-uisce,' arsa Nua, agus pus air.

'Céard faoin seanchaisleán?' arsa Máirín, 'tá áit spraoi ansin, agus áit suí ar an bhféar.'

'Teastaíonn pluid,' arsa Nua, 'má bhíonn an féar fliuch.'

'Céard eile a theastaíonn, a Nua?'

'Sardines domsa agus fleasc tae do Mháirín, agus céard fútsa, a Rua?'

'Ceannóidh mise an páipéar, agus . . .'

'. . . agus paicéad mór brioscaí seacláide,'



arsa Nua.

Is garr go raibh gach rud faoi réir. Dhún Máirín fuinneoga na Clúide. Bhí an ciseán lán le rudaí blasta don phicnic.

'A Rua,' arsa Máirín, 'cén t-am a mbeidh bus an tseanchaisleáin?'

'Breathnóidh mé ar an gclár ama,' arsa Rua.

Ach ní raibh a fhios ag Rua bocht cá raibh a chuid spéaclóirí.

'Meastú cár fhága mé iad?' ar sé leis féin.

Bhreathnaigh sé ar fud na Clúide, ach ní raibh sé i ndán mórán a fheiceáil.

'Ar mo leaba, b'fhéidir,' ar sé leis féin.

Ní raibh na spéaclóirí sa seomra codlata.

Tháinig Rua anuas an staighre.

'A Mháirín, tá mo chuid spéaclóirí imithe amú orm.'

Bhreathnaigh Máirín air. Thosaigh sí ag gáirí.



Thosaigh Nua ag gáirí freisin.

'Céard atá oraibh,' arsa Rua, 'ní cúis gáirí é. Tá na spéaclóirí imithe amú orm, agus ní bheidh mé i ndán an crosfhocal a dhéanamh.'

'Nach tú an t-asal,' arsa Nua, 'nach bhfuil na spéaclóirí ar bharr do chinn.'

Chuir Rua a chrúb ar a cheann. Is ann a bhí siad.

'Tá mé náirithe,' ar sé.

'Ná bac,' arsa Máirín, 'ní bhíonn leon gan locht.'

Shocraigh Rua na spéaclóirí ar a shróin.

'Ag a leathuair tar éis a deich a bheas an bus,' ar sé.

'Déan deifir,' arsa Nua.

Rug Máirín ar an gciseán, agus ar aghaidh leo an doras amach.

(Ar lean an mhí seo chugainn)

Cén teanga



Má tá tú ag rógáil choinne le Gaeilge
biodh COMHLUADAR agat!

C' MHLUADAR

Arna mhaoiniú ag an gCrannchúr Náisiúnta



222 . . . dó, dó, dó . . . 222

Páiste: Cén uimhir fóin atá ag an diabhal?

Múinteoir: Níl a fhios agam.

Páiste: Dó, dó, dó!

Múinteoir: Hahaha! An-mhaith!

An bhfuil joke ar bith eile agaibhse, a pháistí.

Má tá, seolaigh isteach é chuig an gClúid.

Má bhaineann sé gáirí againn foilseoidh muid é.

ant e a thuig iaoin saol thoinn

Bhí tuiscint riamh in Éirinn ar an Saol Fó Thoinn agus is é John Philip Holland as Lios Ceannúir i gCo. an Chláir a cheap an chéad fhomhuireán ón saol seo a chonaic Manannán.

Bhí dearcadh ar leith ag Holland, a dhearcadh féin, dearcadh an Éireannaigh. **Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifíse TnaG.** Stáisiún ar aon mheon linn féin, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.



TnaG. Briseann an dúchas.

Website-[http:// www.tnag.ie](http://www.tnag.ie)